



Maoinú Teaghais-Tógála Éireann
Home Building Finance Ireland

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais
2025



Ag maoinú tithe
an lae amárach

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2025 an MTTÉ

Faoi MTTÉ

Bunaíodh Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (“MTTÉ”) i mí Eanáir 2019 chun maoiniú a sholáthar ag rátaí margaidh d’fhorbairtí cónaithe inmharthana ar bhonn tráchtála sa Stát. Bhí a bhunú mar chuid de fhreagairt níos leithne ar ghanntanas soláthair tithíochta na hÉireann a bhfuil soláthar gann ar an éileamh measta le blianta beaga anuas.

Tá réimse leathan táirgí ag MTTÉ agus soláthraíonn sé maoiniú go díreach do thógálaithe tí chun tacú le forbairtí cúig nó níos mó aonad. Tacaíonn an maoiniú a chuirtear ar fáil le seachadadh tithe agus árasán d’áititheoirí úinéirí, tithe sóisialta agus inacmhainne agus iad siúd atá ag lorg cóiríochta ar cíos. Trí dhul i ngleic go forleathan leis an margadh agus monatóireacht a dhéanamh ar infhaighteacht airgeadais d’fhorbairt chónaithe, is féidir le MTTÉ bearnaí a aithint de réir mar a thagann siad chun cinn agus freagra a thabhairt dá réir sin. Tá sé mar aidhm ag MTTÉ a chinntiú nach gcuireann maoiniú bac ar an iarracht chun soláthar tithíochta na hÉireann a mhéadú.

Ár Misean

Is é misean MTTÉ ná cabhrú le méadú ar an soláthar de thithe nua sa Stát tríd mhaoiniú a chur ar fáil do fhorbraíochtaí réadmhaoine chónaithe inmharthana ar bhonn tráchtála.



Féach thart ar líne

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin
le teacht ar níos mó eolais www.hbfi.ie

Clúdach Tosaigh: Is forbairt chónaithe ilchéime de thithe 2, 3 agus 4 sheomra leapa é Ard Griffin, Mainistir na Corann, Co Chorcaí
Thíos: Is forbairt tionachta measctha de 64 teach é Sráidbhaile Chluain Aitinn, Guiare, Co Loch Garman



Clár Ábhair






Faoi MTTÉ	i	Rialachas agus Faisnéis Chorporáideach	18
Ár Misean	i	Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltáí an Bhoird	20
Príomhbhuaicphointí Gnó	2	Bainistíocht Riosca	27
Saoráidí MTTÉ a Ceadáíodh go dtí Seo	4	Foireann Bainistíochta	29
Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	6	Teistiméireachtaí ó Chustaiméirí	30
Athbhreithniú Gnó	8	Ráitis Airgeadais	31
Cás-Staidéir	16		

Tá ocht dteach 3 sheomra leapa don mhargadh oscailte i Mullavale, Baile Chaisleáin an Róistigh, Co. Chorcaí



Príomhbhuaicphointí Gnó

Ceaduithe



Láithreáin Ghníomhacha nó Críochnaithe



13,246

Líon na dtithe nua a seachadadh nó atá á dtógáil



€2.45bn

Iomlán an mhaoinithe ceadaithe a bhaineann le láithreáin ghníomhacha nó chríochnaithe



152

Líon iomlán na láithreán gníomhach nó laithreán críochnaithe



6,936

Líon na dtithe a críochnaíodh 2,243 díobh a críochnaíodh in 2025



4,099

Líon na n-aonad ar conradh lena ndíol/díol comhaontaithe




* Is ó 28 Eanáir 2019 go 31 Nollaig 2025 na figiúirí ó bhunú a tuairiscíodh. Ní tharraingeoidh gach scéim atá ceadaithe anuas maoiniú ón MTTÉ ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear nach bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh nó maoiniú malartach daingnithe.

Saoráidí MTTÉ a Ceadaíodh go dtí Seo

De réir Contae

Ó bunaíodh é go dtí an 31 Nollaig 2025, cheadaigh MTTÉ 233 saoráid iasachta. Tá na saoráidí seo lonnaithe ar fud 25 contae agus 71 dteach nua ar an meán in aghaidh na saoráide. Tá tuilleadh sonraí ar fáil thíos.



**In 2025, ceadaiódh os cionn
€0.66bn de mhaoiniú chun
tacú le níos mó ná 3,372
teach nua.**

Is forbairt chónaithe ilchéime de thithe 2, 3 agus 4 sheomra
leapa é Ard Griffin, Mainistir na Corann, Co Chorcaí



Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Marie Collins



Dara Deering

Le linn 2025, lean ról suntasach MTTÉ maidir le tacú le soláthar forbairtí cónaithe ar fud na hÉireann. Go dtí seo, tá maoiniú ceadaithe againn chun tacú le 16,558 teach nua, ag treisiú ár dtiomantas chun cabhrú le dul i ngleic le dúshláin soláthair tithíochta na hÉireann.

Tá ár bhfócas straitéiseach soiléir i gcónaí: chun seachadadh níos mó tithe ar fud na hÉireann a chumasú. In 2025, chuir MTTÉ €0.66 billiún de mhaoiniú ar fáil do thionscadail chónaithe inmharthana. Ó bunaíodh muid, tá níos mó ná €3.3 billiún ceadaithe againn chun tithe nua a thógáil ar fud 25 contae.

Le linn 2025, chonaiceamar dul chun cinn láidir i ngníomhaíocht tógála ar ár láithreáin ghníomhacha freisin. Go dtí seo, tá 6,936 teach nua atá maoinithe ag MTTÉ curtha i gcrích, le 4,099 teach eile ar díol comhaontaithe nó ar chéim an chonartha. Táimid ag súil go leanfaidh leibhéal na dtithe críochnaithe ag ardú sa bhliain amach romhainn de réir mar a théann tionscadail ar aghaidh, rud a chuirfidh go fiúntach le seachadadh tithe nua.

Fanann an t-éileamh ar thithíocht láidir i gcónaí thar gach tionacht: áititheoirí úinéirí, cíos sóisialta, inacmhainne agus príobháideach. Cé gur leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí náisiúnta chun an soláthar a mhéadú in 2025, bhí dúshláin inmharthanachta leanúnacha fós ann maidir le soláthar árasán. I rith na bliana, d'fhógair an rialtas roinnt beart polasaí d'árasáin a bhfuiltear ag súil go méadóidh siad an soláthar sa mheántearma. I bhfianaise an chúlra sin, tá ról MTTÉ thar a bheith tábhachtach i margadh atá go fóill casta do thógáil agus d'fhorbróirí.

Príomhthosaíocht do MTTÉ is ea a chinntiú go bhfuil an earnáil forbartha cónaithe ar an eolas go hiomlán go bhfuil maoiniú ar fáil ag MTTÉ chun tacú le tionscadail tógála tí inmharthana. Le linn 2025, leanamar lenár rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara a neartú, ag éisteacht le haiseolas agus ag scagadh ár dtairiscint táirgí chun riachtanais an mhargaidh a léiriú.

Cuireann ár raon leathan táirgí ar ár gcumas forbairtí inmharthana a mhaoiniú thar gach tionacht agus i ngach suíomh ar fud na tíre. Go dtí seo, tá 50% de na tithe atá maoinithe ag MTTÉ le haghaidh áititheoirí úinéirí, 43% le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus 7% le haghaidh an mhargaidh príobháideach cíosa.

In 2025, mhéadaigh MTTÉ a acmhainn fhoriomlán iasachtaithe le saoráid nua maoinithe €200 milliún ó Danske Bank, ag comhlánú ár maoiniú ón gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn atá ann cheana. Cuireann an acmhainn mhéadaithe seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag tacú le píblíne mhéadaitheach de thionscadail tógála tí, go háirithe i measc forbróirí FBManna.

Chríochnaigh an tAire Airgeadais an tríú hathbhreithniú Alt 24 ar MTTÉ in 2025 inar deimhníodh go bhfuil gá fós le leanúint ar aghaidh le maoiniú MTTÉ i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim.

Ag féachaint chun cinn, táimid dírithe i gcónaí ar ról lárnach a bheith againn maidir le dul i ngleic le riachtanais mhaoinithe tógála tithíochta na hÉireann. Le seoladh *Tithe a Sheachadadh, Ag Tógáil Pobail 2025-2030*, agus píblíne láidir tionscadal chomh maith leis an maoiniú breise €200 milliún, tá MTTÉ in áit mhaith chun leanúint ar aghaidh ag tacú le tógáil tithe chun freastal ar an éileamh atá ag fás. Cé go bhfuil éiginnteacht dhomhanda ardaíthe mar gheall ar theannas geopholaitiúil, táimid tiomanta i gcónaí oibriú lenár gcustaiméirí chun tithe nua a bhfuil géarghá leo a sholáthar.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a chur in iúl don bhainistíocht agus don fhoireann ag MTTÉ as a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus a n-aclaíocht leanúnach le linn bliain shuntasach eile do MTTÉ. Aithnímid freisin dúthracht agus tacaíocht ár gcomhstiúthóirí, agus cuirimid fáilte mhór roimh Ronan O'Neill chuig an mBord, a thugann taithí agus léargas luachmhar.

Marie Collins
Cathaoirleach

Dara Deering
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuireadh os cionn 2,200 teach nua maoinithe ag MTTÉ i gcrích in 2025.

Forbairt de 80 teach nua 1, 2 agus 3 sheomra leapa i gCnocán na Biolraí, Co. Chorcaí is ea The Orchard atá maoinithe ag MTTÉ.



Athbhreithniú Gnó

Ár Margadh

Le linn 2025, lean MTTÉ ar aghaidh ag neartú a rannpháirtíochta le custaiméirí nua agus le custaiméirí seanbhunaithe araon, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha. Thairg na comhráite seo léargais luachmhara ar dhálaí an mhargaidh atá ag teacht chun cinn agus leanann siad ar aghaidh ag cur bonn eolais faoinár bpleanáil chun cinn. Cuireann an rannpháirtíocht leanúnach seo ar ár gcumas riachtanais mhaoinithe atá ag teacht chun cinn san earnáil forbartha cónaithe a aithint agus cinntiú go bhfanann ár dtairiscint freagrúil agus ailínithe go cuí le héileamh an mhargaidh.

Cuireann MTTÉ cúig tháirge maoinithe ar leith ar fáil anois a thacaíonn le scéimeanna cónaithe inmharthana thar réimse leathan tionóntachtaí, méideanna agus suíomhanna. In éineacht le hiarrachtaí forbartha dírithe ar ghnó, cinntíonn an tairiscint táirge seo gur féidir linn tacú le codanna tearcfhrestail den mhargadh seachadadh tithíochta a mhéadú. Tá fonn riosca seasmhach agus comhsheasmhach mar bhonn agus mar thaca ag ár gcur chuige, rud a ligeann dúinn tacaíocht a choinneáil trí thimthriallta eacnamaíocha atá ag athrú agus tréimhsí éiginnteachta.

D'fhan an t-éileamh ar mhaoiniú MTTÉ láidir i rith 2025, ag clúdach raon leathan cineálacha tionscadail ó fhorbairtí tithíochta níos lú go scéimeanna tionóntachta measctha níos mó. Go dtí seo, tá 50% de na tithe a dtacaíomar leo le haghaidh áititheoirí úinéirí, 43% le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus 7% le haghaidh na hearnála príobháidí cíosa.



Lean MTTÉ ar aghaidh lena fhás in 2025, ag ceadú 49 saoráid nua breise ar fud na tíre.

Cé nach gcomhlíonann gach togra a chuirtear i láthair riachtanais inmharthanachta tráchtála, tá leibhéal an éilimh ar mhaoiniú forbartha á léiriú i gcónaí ag líon na n-iarratas a fhaightear. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar an riachtanas seo sna blianta amach romhainn de réir mar a leanann spriocanna náisiúnta seachadta tithíochta ag méadú chun freastal ar éileamh.

Ár bhFeidhmíocht

Choinnigh MTTÉ fuinneamh láidir i rith 2025, le ceaduithe cistiúcháin nua níos mó ná €650 milliún.

Amhail an 31 Nollaig 2025, shroich ceaduithe iomlána ó bunaíodh €3.3 billiún thar 233 láithreán ar fud na tíre, agus bhí an cumas ann suas le 16,558 teach nua a sheachadadh. I bhfianaise an aga tionscanta a bhí ag teastáil le haghaidh críochnú dlíthiúil agus forghníomhú saoráide, bhí 152 de na ceaduithe sin tar éis dul ar aghaidh chuig tarraingt anuas den chéad uair nó críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Is ionann na scéimeanna seo agus €2.45 billiún i maoiniú tiomanta agus táthar ag súil go gcuirfidh siad 13,246 teach ar fáil.

Faoi dheireadh 2025, bhí iomlán carnach de 6,812 teach a fuair maoiniú ó MTTÉ curtha i gcrích agus díolta ó cuireadh tús le hoibríochtaí in 2019, rud a léiríonn seachadadh seasta agus méadaitheach tithe.

Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht

- ▶ **€3.3bn** ceadaithe ar fud **233 scéim** in **25 contae**
- ▶ Tá **74%** den mhaoiniú ceadaithe ar fad tarraingthe anois, á thógáil, nó curtha i gcrích
- ▶ **6,936** teach curtha i gcrích go dtí seo, ar díoladh **6,812** díobh, agus conradh le haghaidh díol nó díolachán comhaontaithe ag **4,099** teach breise
- ▶ Meascán tithíochta: **67% tithe, 33% árasán**
- ▶ Is aonaid 2 nó 3 sheomra leapa iad **77%** de thithe ceadaithe, le meánphraghas ionchais de **€372,000** ar theach 3 sheomra leapa
- ▶ Soláthroidh **67%** de scéimeanna a mhaoinítear **50 teach nó níos lú**, ag cur béime ar thacaíocht leanúnach d'fhorbairtí ar scála níos lú

Agus é mar sprioc aige tacú le tógáil tithe go náisiúnta, oibríonn MTTÉ go dlúth le páirtithe leasmhara áitiúla ar fud na hÉireann chun tuiscint a mhéadú ar na roghanna maoinithe fiachais atá ar fáil d'fhorbróirí cónaithe. Léiríonn scaipeadh na gceaduithe ar fud 25 chontae rochtain leathan agus solúbthacht thairiscint MTTÉ.



Déanann MTTÉ athbhreithniú bliantúil ar a straitéis agus ar a phlean gnó chun ailíniú le riachtanais tithíochta atá ag teacht chun cinn, treo beartais náisiúnta, agus an timpeallacht mhaoinithe d'fhorbairt chónaithe a chinntiú. Críochnaíodh an nuashonrú is déanaí ar Straitéis agus Plean Gnó MTTÉ agus cuireadh faoi bhráid an Aire Airgeadais é i mí Aibreáin 2025.

Ár gCustaiméirí

Is tosaíocht lárnach i gcónaí é tacú le feasacht agus tuiscint ar thairiscint maoinithe MTTÉ. Táimid dírithe i gcónaí ar a chinntiú go bhfuil forbróirí agus páirtithe leasmhara ar fud na hearnála cónaithe ar an eolas go maith faoin réimse táirgí atá ar fáil agus faoin gcaoi ar féidir leo tacú le cineálacha éagsúla tionscadal tithíochta. Tá ár rannpháirtíocht réamhghníomhach, leanúnach, agus deartha chun tionchar fiúntach a chruthú i margadh airgeadais forbartha cónaithe na hÉireann.

Oibríonn na foirne Forbartha Gnó, lasachta agus Punainne i ndlúthchomhpháirtíocht chun aitheantas ar ról MTTÉ a leathnú agus chun riachtanais na dtógálaithe tithe atá ag teacht chun cinn a thuiscint. Le linn 2025, bhí gar do 2,000 cruinniú ag an bhfoireann le custaiméirí ionchasacha agus le custaiméirí reatha, le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, le hÚdaráis Áitiúla, agus le príomh – rannpháirtithe tionscail. Cuidíonn an plé seo lena chinntiú go bhfanann ár sraith táirgí ailínithe le riachtanais an mhargaidh agus go leanann siad ag tacú le tithe nua a sholáthar ar fud na tíre.

Coinnímid naisc láidre le comhairleoirí gairmiúla freisin, lena n-áirítear ailtirí, pleanálaithe, innealtóirí, cuntasóirí, agus gnólachtaí dlí, ionas go mbeidh tuiscint shoiléir chruinn acu siúd a thacaíonn le forbróirí ar shainchúram agus ar chumas MTTÉ.

In 2025, chuir ár bhFoireann Forbartha Gnó cúig imeacht réigiúnacha ar fáil, rud a thug deis don lucht freastail bualadh go díreach le MTTÉ agus bealaí maoinithe dá scéimeanna a fhiosrú. Chun ábharthacht agus luach na seisiún seo a fheabhsú, thugamar cuireadh freisin do CCTanna, don Scéim Chéad Bhaile, agus do HISCO cur leis, ag tairiscint léargas níos leithne don lucht freastail ó gach cearn den éiceachóras tithíochta agus bonnagair níos leithne.


Chomh maith lenár n-imeachtaí féin, ghlac ionadaithe MTTÉ páirt i 29 rannpháirtíocht tionscail i rith na bliana, lena n-áirítear róil labhartha agus díospóireachtaí painéil ag 18 díobh sin. Neartaíonn an infheictheacht seo ár láithreach san earnáil agus tacaíonn sé le hidirphlé leanúnach leo siúd a mhúnláíonn seachadadh tithíochta na hÉireann amach anseo.

Ár dTáirgí

In 2025, lean MTTÉ ar aghaidh ag soláthar sraith chuimsitheach de chúig tháirge maoinithe atá deartha chun tacú le scéimeanna cónaithe inmharthana ina bhfuil cúig theach nua nó níos mó. Tá forbhreathnú ar gach táirge leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Tá forbairt tagtha ar tháirgí MTTÉ ó bunaíodh iad ó tháirge amháin go cúig tháirge:





Forbairtí Beaga

Maoiniú do thionscadail cúig aonad nó níos mó le huasriachtanas iasachta €5m.

- ▶ Méid na hiasachta suas le €5m (lena n-áirítear ceannach talún (suas le 60%) agus maoiniú forbartha)
- ▶ Giaráil suas le 80% de chostas iomlán na forbartha
- ▶ Corrlach idir 4.75% agus 7.5% (thar Euribor 3 mhí)
- ▶ Táille iontrála 1% agus táille imeachta 1%



Forbairtí Tithíochta agus Árasán

Tionscadail mhaoinithe a bhfuil riachtanas iasachta de €5m aníos ag baint leo.

- ▶ Giaráil suas le 80% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- ▶ Corrlach idir 4.75% agus 7.5% (thar Euribor 3 mhí), le táille iontrála agus táille imeachta suas le 1%
- ▶ De ghnáth is €100m an maoiniú uasta a sholáthraítear faoin gcineál táirge seo



Tithíocht Shóisialta/ Inacmhainne

Maoiniú a sholáthar do thionscadail tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá go príomha ar conradh le díol roimh an tógáil le hÚdarás Áitiúil nó le CCT (Comhlacht Ceadaithe Tithíochta) nó leis an LDA (an Ghníomhaireacht Forbatha Talún).

- ▶ Giaráil suas le 85% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- ▶ Corrlach idir 4.5% agus 6.5% (thar Euribor 3 mhí), le táille iontrála 1% agus gan táille imeachta
- ▶ Go hidéalach, ba cheart cead planála a bheith ag an láithreán nó a bheith i mbun cead planála a bhaint amach
- ▶ Ní mór an tionscadal a chur ar conradh le hÚdarás Áitiúil, le CCT nó LDA roimh an gcéad tarraingt anuas



Maoiniú Glas

Deartha chun forbairt tithíochta inbhuanaithe a spreagadh ar fud gach táirge MTTÉ

- ▶ Chun cáiliú don táirge seo, ní mór an tionscadal a bheith deimhnithe don Innéacs Feidhmíochta Baile (IFB) nó caighdeán coibhéseach
- ▶ Is féidir le tionscadail a cháilíonn leas a bhaint as neamh-áireamh suas le 0.5% ar an chorrllach a mbeifí ag súil leis de ghnáth go ngearrafaí muirear orthu
- ▶ Ar fáil ar fud táirgí MTTÉ (tá roinnt táirgí faoi réir corrlaigh íosta áirithe)
- ▶ Tá teagmháil luath riachtanach chun a chinntiú gur féidir comhlíonadh na critéir maidir le deimhniúchán IFB a phleanáil ón tús



Accelerate

Deartha chun cabhrú le forbróirí níos mó, a bhfuil cuntas teiste acu maidir le scéimeanna 100 teach nó níos mó a sheachadadh.

- ▶ D'fhorbróirí a bhfuil cuntas teiste acu maidir le scéimeanna 100 aonad nó níos mó a sheachadadh
- ▶ Is féidir é a sholáthar ar bhonn neamhspleách nó ar bhonn sindeacáite (roinnte) le hiasachtóirí eile
- ▶ Ní chuirfear aon teorainn ar scála na scéime
- ▶ Giaráil suas le 70% de ghnáth (lena n-áirítear ceannach láithreáin agus maoiniú forbartha)
- ▶ Corrlach agus táillí arna measúnú ar bhonn cás ar chás

Ár bPáirtithe Leasmhara

In 2025, lean MTTÉ de bheith ag plé go gníomhach le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála poiblí agus an éiceachórais forbartha cónaithe i gcoitinne. Cé go bhfuil tógálaithe tí agus forbróirí cónaithe atá ag lorg airgeadais fós mar chroíghrúpa páirtithe leasmhara againn, braitheann seachadadh tithíochta nua ar líonra leathan gairmeacha. Áirítear ar ár bpobal páirtithe leasmhara, ach níl sé teoranta dóibh:

- ▶ Gnólachtaí Cuntasaiochta
- ▶ Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna)
- ▶ Ailtirí
- ▶ Innealtóirí
- ▶ Gníomhairí agus Ceantálaithe Eastáit
- ▶ Gnólachtaí Dí
- ▶ Údaráis Áitiúla
- ▶ Comhlachtaí Poiblí Eile
- ▶ Pleanálaithe
- ▶ Suirbhéirí Cainníochta
- ▶ Luachálaithe

I rith na bliana, neartaigh MTTÉ comhoibriú lena líonra náisiúnta de réamheolaithe, sainchomhairleoirí a thacaíonn le gnólachtaí laistigh den tionscal tógála. Cuireadh tuilleadh feabhais ar rannpháirtíocht le príomhchomhlachtaí tionscail trína rannpháirtíocht inár n-imeachtaí réigiúnacha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó CCTanna, an Scéim Chéad Bhaile, agus HISCo.

Leathnaigh ár rannpháirtíocht chuig idirghníomhaíocht rialta le príomheagraíochtaí gairmiúla. In 2025, ghlac MTTÉ páirt i, nó thacaigh le, grúpaí amhail:

- ▶ Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- ▶ Innealtóirí Éireann
- ▶ Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla
- ▶ Comhairle Foirgníochta Glas na hÉireann
- ▶ Cumann Tógálaithe Tí na hÉireann
- ▶ Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann

Ceapadh gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara MTTÉ in 2025 chun:

- ▶ Feasacht ar fud na tíre ar MTTÉ a neartú mar sholáthraí cistiúcháin dhírigh don earnáil tógála cónaithe
- ▶ Athcheangail le daoine aonair agus le heagraíochtaí a léirigh spéis i maoiniú MTTÉ roimhe seo
- ▶ Aiseolas a ghabháil ar bhearnaí maoinithe atá ag teacht chun cinn agus deiseanna a aithint chun straitéis, próisis agus sraith táirgí MTTÉ a bheachtú

Bailíodh aiseolas go neamhfhoirmiúil i rith na bliana thar chruinnithe, imeachtaí agus idirghníomhaíochtaí ó lá go lá. Chuir na léargais seo go fiúntach le planáil straitéiseach MTTÉ agus leanann siad ar aghaidh ag treorú iarrachtaí chun chuíchóiriú a dhéanamh ar phróisis agus a chinntiú go bhfuil ár dtacaíocht dírithe nuair is féidir léi an tionchar is mó a chruthú.

Mar ghníomhaireacht Stáit, leanann MTTÉ de chaidreamh oibre cuiditheach a choinneáil le ranna Rialtais, leis an nGníomhaireacht Tithíochta, le CCTanna, le hÚdaráis Áitiúla, agus leis an Ghníomhaireacht Forbartha Talún.

Tá comhoibriú fós lárnach dár gcur chuige, agus tá plan rannpháirtíochta mionsonraithe do pháirtithe leasmhara i bhfeidhm do 2026, ag tacú le hiarrachtaí feasacht ar thairiscint MTTÉ a fheabhsú agus cur le seachadadh tithe faoi straitéis an Rialtais *Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil 2025-2030*.

Ár gCúrsaí Polasaí

Faoi Alt 24 den Acht MTTÉ, ceanglaítear ar an Aire Airgeadais athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar MTTÉ lena chinntiú go leanfaimid lenár sainordú a chomhlíonadh agus tacaíocht fhiúntach a sholáthar don mhargadh airgeadais forbartha cónaithe.

D'fhoilsigh an tAire Airgeadais an tríú hathbhreithniú reachtúil ar Mhaoiniú Tógála Tithíochta Éireann i mí an Mheithimh 2025. Deimhníodh san athbhreithniú go gcuireann MTTÉ go mór i gcónaí le maoiniú forbartha a bheith ar fáil, go háirithe d'fhorbróirí beaga agus meánmhéide agus do thionscadail atá lonnaithe lasmuigh de mhórionaid uirbeacha. Cé go bhfuil an margadh fiachais níos leithne neartaithe, leagadh béim san athbhreithniú ar an ngá atá le MTTÉ a fhócas a choinneáil ar réimsí nach bhfuil an maoiniú ón earnáil phríobháideach chomh hinrochtana céanna. Thug an tAire dá aire freisin ábharthacht leanúnach MTTÉ de réir mar a leanann seachadadh tithíochta náisiúnta ag leathnú. Beidh an chéad athbhreithniú reachtúil eile ar siúl in 2027.

Leanann MTTÉ ag ailíniú go dlúth le beartas tithíochta an Rialtais, lena n-áirítear an straitéis *Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil 2025-2030* a foilsíodh i mí na Samhna 2025 agus an *Clár Rialtais 2025*. Coinnimid teagmháil rialta leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Tithíochta araon, rud a léiríonn an t-ailíniú láidir ar fud ár sainorduithe. Oibríonn MTTÉ cainéal teagmhála tiomnaithe freisin do bhaill an Oireachtais chun ceisteanna a éascú agus chun tacú le trédhearcacht.

Le linn 2025, chinntigh MTTÉ gur fhan ár n-oibríochtaí ag teacht le tosaíochtaí beartais an Rialtais. Bhí ról tábhachtach ag rannpháirtíocht leanúnach páirtithe leasmhara agus monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí beartais maidir le dul i ngleic lenár mbreithnithe beartais agus lena chinntiú go bhfanann ár ngníomhaíochtaí freagrúil don tírdhreach tithíochta atá ag teacht chun cinn.

Ár dTosaíocht CSR

Tá MTTÉ tiomanta do phrionsabail Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (“CSR”) a leabú i seachadadh a shainordaithe lena n-áirítear ina chleachtais ghnó agus a thairiscintí táirgí chun tábhacht CSR do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann a léiriú.

Comhshaoil

Gníomhaíochtaí lasachta

Tá feabhas suntasach tagtha ar rialáil le blianta beaga anuas san earnáil foirgníochta. Beidh laghdú suntasach ar ídiú fuinnimh thar shaolré tithe nua mar thoradh air seo ar deireadh.

Déanann MTTÉ a dhícheall a chinntiú go gcomhlíonann gach tionscadal a mhaoinítear na caighdeáin tógála is déanaí, agus go ndearbhaíonn Suirbhéirí Faireacháin a ceapadh ar gach tionscadal an comhlíonadh, a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an caighdeán is airde maidir le rialáil tógála ar gach forbairt a mhaoinítear le MTTÉ agus go n-íoslaghdaítear an tionchar ar an gcomhshaoil.

Sheol MTTÉ táirge Maoinithe Glas i mí Eanáir 2021 le forbairt inbhuanaithe a spreagadh agus dreasachtaí a thabhairt do thógálaithe/fhorbróirí tithe nua a chur i gcrích ar chaighdeán atá níos airde ná an caighdeán atá leagtha síos le rialachán.

Mar dhreasacht, cuireann MTTÉ lascaire suas le 0.5% ar an corrlach a ghearrtar. Chun cáiliú don laghdú corrlaigh seo, ní mór an scéim a dheimhniú don Innéacs Feidhmíochta Baile (“IFB”) nó caighdeán coibhéiseach. Déanann Comhairle Fhoirgnimh Ghlasa na hÉireann monatóireacht agus deimhniú ar chaighdeán an IFB.

Sainordú na hearnála poiblí um ghníomhú ar son na haeráide

Oibríonn MTTÉ go dlúth le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”) chun oibleagáidían chomhlachta earnála poiblí a chomhlíonadh faoi Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais.

Is éard is Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide ann ná doiciméad arna tháirgeadh ag comhlachtaí earnála poiblí a chuireann in iúl conas atá sé mar aidhm ag gach comhlacht poiblí riachtanais an Sainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh agus a spriocanna laghduithe gás ceaptha teasa agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach.

Tá an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 do GBCN, lena n-áirítear MTTÉ agus cleamhnaithe comhshuite eile, ar fáil ar láithreán gréasáin GBCN. Tá sonraí ann maidir leis na nithe seo a leanas:

Príomhspríocanna agus tuairisciú:

- ▶ Tá GBCN faoi cheangal ag sprioc na hearnála poiblí a chuid astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030 i gcomparáid leis an meán bunlíne d’astaíochtaí 2016-2018. Díorthaítear an sprioc seo mar a leanas:
 - ▶ Laghdú 51% ar astaíochtaí CO₂e a bhaineann le breosla iontaise díreach (i.e. teirmeach);
 - ▶ laghduithe réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair in astaíochtaí CO₂e a bhaineann le breosla iontaise indíreach ó leictreachas.
- ▶ Ceanglaítear ar GBCN a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030 i gcomhréir le sprioc na hearnála poiblí;
- ▶ Tá sé mar aidhm ag GBCN a bheith ina heagraíocht ghlan-nialasachta faoi 2030 atá bunaithe ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2;
- ▶ Tuairiscíonn GBCN (lena n-áirítear eagraíochtaí cleamhnaithe GBCN, sé sin MTTÉ, CBSÉ agus GNBS) faoin gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh, arna mhaoirsiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann; agus
- ▶ Tá freagracht ar an gCuradh Aeráide agus Inbhuanaitheachta MTTÉ as an sainordú a chur i bhfeidhm agus a thuirisciú.

Athbhreithniú Gnó (ar lean)

Tuarascáil ar éifeachtúlacht fuinnimh

Tá MTTÉ lonnaithe le GBCN in oifigí ag Duga an Chisteáin, Cé an Bhalla Thuaidh. Tá 3.08% de Duga an Chisteáin ag MTTÉ amhail an 31 Nollaig 2025.

Bronnadh rátáil Teastas Fuinnimh Taispeána B2 (DEC) ar GBCN do 2025.

Tá córas feidhmíochta agus optamaithe córas tógála i bhfeidhm a chuireann ar chumas GBCN deiseanna coigilte fuinnimh a aithint agus a chur i bhfeidhm.

Tá go leor gnéithe inbhuanaithe ag Duga an Chisteáin lena n-áirítear fómhar uisce báistí d'úsáid uisce liath, soilsiú LED agus braiteoirí braite solais lae agus láithreachta chun riachtanais soilsithe a bhainistiú agus córas bainistíochta foirgneamh chun an timpeallacht inmheánach a rialú ar bhealach atá tíosach ar fhuinneamh.

Sonraíonn Tuarascáil Éifeachtúlachta Fuinnimh GBCN úsáid fuinnimh Foirgnimh Duga an Státhiste agus foilsítear é le Tuarascáil Bhliantúil GBCN ar shuíomh gréasáin GBCN agus cuirtear sonraí ar fáil sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Fostaithe a Fhostú agus a Oiliúint

Sannann GBCN baill foirne do MTTÉ. Tá sé mar aidhm ag GBCN tacú le fostaithe aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht agus ar athrú aeráide agus ról ceannaireachta a bheith acu maidir le gníomhú forleathan ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud a fhoirgnimh, a iompair, a dhramhaíola agus a úsáid fuinnimh, chomh maith leis an tsochaí i gcoitinne.

Chun inbhuanaitheacht a leabú mar chuid de chultúr na heagraíochta, tá tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ar fáil d'fhostaithe mar chuid den chlár foriomlán Foghlama agus Forbartha. Áirítear leis seo inbhuanaitheacht agus ríomhfhoghlaim maidir le gníomhú ar son na haeráide atá dírithe ar fheasacht aeráide a mhéadú.

Reachtáladh oiliúint ceannaireachta bainistíochta sinsearaí maidir le gníomhú ar son na haeráide in 2025 i gcomhréir le riachtanais PSCAM.

Thug gach ball foirne MTTÉ faoi oiliúint inbhuanaitheachta agus chríochnaigh siad í trí Scoil Aeráide GBCN in 2025.

Ár mBealach Oibre

Leanann GBCN ag iniúchadh deiseanna chun tuilleadh digitithe a dhéanamh agus tá roinnt beart curtha i bhfeidhm go rathúil cheana féin i ndáil le próisis pháipéarbhunaithe ábhartha.

Cuirtear critéir ghlasa maidir le critéir roghnúcháin agus dámhachtana chun feidhme, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an Sainordú maidir le Cur Chun Feidhme an tSoláthair Phoiblí Ghlais a leagtar amach in *Ceannach Níos Glaise: Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027*, ag baint úsáide as Treoir agus critéir GPP na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chomh maith le huirilis Cuardaigh Critéir GPP ar líne na hOifige um Sholáthar Rialtais mar acmhainní. Rinneadh critéir ghlasa maidir le critéir roghnúcháin agus/nó dámhachtana a ionchorprú i ndoiciméid tairisceana le linn 2025 i gcás inarb iomchuí chun a chinntiú go ndéantar amhlaidh ar bhealach inbhuanaithe le soláthairtí agus seirbhísí a sholáthraítear do MTTÉ agus do GBCN.

Dearadh Duga an Chisteáin mar fhoirgneamh atá oiriúnach do rothair agus glacann an GBCN páirt sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre a spreagann fostaithe le rothaíocht chuig an obair agus ón obair. I measc na n-áiseanna ar an láthair tá taisceadáin, cithfholcadáin, seomraí tirime agus páirceáil rothar slán. Tá soicéid leictreacha le haghaidh rothar leictreach agus scútair leictreach ar fáil freisin, chomh maith le stáisiún cothabhála rothar.

Sóisialta

Gníomhaíochtaí iasachta

Tá táirge tithíochta sóisialta/inacmhainne ag MTTÉ, a tugadh isteach in 2020, chun seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne a chur chun cinn.

Cuimsíonn clár rannpháirtíochta geallshealbhóirí MTTÉ teagmháil le raon comhlachtaí a thacaíonn le seachadadh tithíochta sóisialta ar fud na hÉireann, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Tithíochta, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, an Ghníomhaireacht Forbatha Talún agus Údaráis Áitiúla.

Baineann 43% de cheaduithe MTTÉ go dtí seo le tithíocht Shóisialta, Inacmhainne agus Cuid V.

Foireann MTTÉ

Baineann foireann MTTÉ, mar fhostaithe de chuid GBCN, tairbhe as raon leathan tionscnamh forásach cothromais, éagsúlachta, cuimsithe agus folláine atá dírithe ar thimpeallacht oibre chuimsitheach, dhearfach agus shláintiúil a chruthú.

Glacann foireann MTTÉ páirt i roinnt grúpaí acmhainní fostaíthe sa GBCN lena n-áirítear an Fhoireann Ghlas, Cúrsaí Inscne, Abhcóideacht ar Mhíchumas, Feasacht Ilchultúrtha agus LADT+.

Tacaíonn GBCN le tionscnaimh éagsúla tiomsaithe airgid gach bliain. In 2025, bhailigh Rothaíocht Carthanachta GBCN inar ghlac roinnt ball foirne MTTÉ páirt thart ar €16,700 d'Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála agus Pieta.

Oibríonn MTTÉ samhail sholúbtha oibre hibrideach.

Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Mar chomhlacht poiblí, tá aird ag MTTÉ ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint, mar atá leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Thug MTTÉ faoi mheasúnú ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lena fheidhmeanna agus lena chuspóirí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MTTÉ – www.hbfi.ie.

Cothromaíocht inscne

Is ionann próifíl inscne MTTÉ amhail an 31 Nollaig 2025:

	Baineann	Fireann
Bord	43%	57%
Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta	60%	40%
Fostaí	36%	64%

Cuimsíonn Tuarascáil Bhearna Pá Inscne 2025 GBCN a foilsíodh an 25 Samhain 2025 figiúirí don fhoireann atá sannta do MTTÉ agus tá sí ar fáil ar shuíomh Gréasáin GBCN.

Daoine faoi mhíchumas a fhostú

Tá GBCN, mar fhostóir ar gach ball foirne de chuid MTTÉ, tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe faoi mhíchumas agus dóibh siúd a dteastaíonn cóiríocht san ionad oibre uathu, trí aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, trí inrochtaineacht a fheabhsú go réamhghníomhach, agus trí bhacainní ina saol oibre ó lá go lá a laghdú agus a bhaint, nuair is féidir ach é bheith réasúnta. Tá roinnt tacaíochtaí leabaithe ag GBCN don fhoireann ina leith seo.

- ▶ Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais: Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais tiomnaithe ar féidir dul i dteagmháil leis/léi go rúnda le ceisteanna agus saincheisteanna maidir le míchumas.
- ▶ Cóiríocht agus Tacaíochtaí: Lóistíní agus tacaíocht réasúnta oiriúnaithe a thairiscint chun freastal ar riachtanais aonair.
- ▶ Foireann Abhcóideachta Míchumais: Tionscnaimh agus imeachtaí a eagrú a cheiliúránn agus a chuireann chun cinn ionad oibre ina n-éiríonn le gach duine.
- ▶ Comhpháirtíochtaí Earcaíochta: Comhoibriú le heagraíochtaí chun tallann éagsúil a mhealladh.
- ▶ Cláir Feasachta: Ceardlanna agus imeachtaí a óstáil chun feasacht míchumais a chur chun cinn.

Rialachas

Tá MTTÉ tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil. Comhlíonann MTTÉ an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, faoi réir eisceachtaí áirithe arna gcomhaontú leis an Roinn Airgeadais.

Tá struchtúr láidir rialachais ag MTTÉ maidir le cinnteoireacht le ceaduithe áirithe in Áirithe do Chinneadh an Bhoird agus Téarmaí Tagartha láidre do na Coistí a bunaíodh chun tacú leis an mBord.

Maidir leis an mBord Stiúrthóirí, roghnaítear iad seo trí Phróiseas Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (Córas PAS) oscailte agus trédhearcach.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil i Rannóg Rialachais na tuarascála seo.

Cás-Staidéir

**Forbairtí Tithíochta agus
Árasán**

Cuideachta
Sunfield Bandon

Ainm an tSuímh
Cúl na Gréine

Suíomh
Droichead na Bandan,
Co. Chorcaí

Líon na nAonad
83

Stádas an Tionscadail
Críochnaithe



Maoiniú Glas

Cuideachta
Drumakilla Ltd

Ainm an tSuímh
Bellevue Rise

Suíomh
Deilgne,
Co. Chill Mhantáin

Líon na nAonad
56

Stádas an Tionscadail
Á thógáil



Sóisialta/Inacmhainne

Cuideachta

PM Blackstone

Conraithe go

Údarás Áitiúil

Ainm an tSuímh

Errigal

Suíomh

Muinchille,

Co. an Chabháin

Líon na nAonad

6

Stádas an Tionscadail

Críochnaithe

Forbairt Bheag

Cuideachta

JPR Enterprises

Ainm an tSuímh

Sunset Ave

Suíomh

Baile na Cúirte,
Co. Loch Garman

Líon na nAonad

6

Stádas an Tionscadail

Á thógáil



Rialachas agus Faisnéis Chorporáideach

Stiúrthóirí



Marie Collins

Cathaoirleach

*(Athcheaptha 1 Meitheamh 2024 ar feadh téarma cúig bliana)
(Comhalta den Choiste Luach Saothair, Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is stiúrthóir neamhfheidhmeánach í Marie Collins a bhfuil go leor taithí aici sna hearnálacha phríobháideacha agus phoiblí ag fónamh ar bhoird le os cionn 20 bliain. Tá sí ina cathaoirleach ar Bhanc na hÉireann: Dawson Master Trust DAC, Dunnes Stores Pension Trustee ULC agus Fondúireacht Cholaiste na Tríonóide. Is Stiúrthóir Cairte í Marie agus is Measúnóir Meastóireachta Boird í agus is príomhtheagascóir í ar Chlár Stiúrthóir Cairte IOD. Tá MBA aici ó TCD agus larchéim i Rialachas Corparáideach aici ó UCD.



Des Carville

Comhalta Boird

*(Athcheaptha 7 Nollaig 2023 ar feadh téarma cúig bliana)
(Comhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca,
Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is ceannasaí Rannán Comhairle Scairsheibhe agus Airgeadais (SFAD) an Roinn Airgeadais é Des Carville, a bhainistíonn athstruchturú an chórais bhaincéireachta agus bainistiú scairshealbha agus infheistíochtaí an Stáit san earnáil bhaincéireachta, GNBS agus an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC) (i Leachtú Speisialta). Tá freagracht polasaí aige ar earnáil na gComhar Creidmheasa. Cuireann an Rannán seirbhísí comhairleacha ar fáil don Roinn. D'obair sé roimhe le Davy Corporate Finance ar feadh 15 bliana. Tá sé ina chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann (FCA), tar éis bheith faoi oiliúint le KPMG, agus is Stiúrthóir Cairte Bainc é leis an Institiúid Baincéireacht, agus chríochnaigh sé Clár Ard bhainisteoireachta Harvard Business School. Tá sé ina stiúrthóir ar an Bhanc Eorpach Infheistíochta ó bhí 2018 ann.



Dara Deering

Comhalta Boird

*(Athcheaptha 3 Meán Fómhair 2024 ar feadh téarma cúig bliana)
(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina comhalta ex officio)*

Is POF ar an MTTÉ í Dara Deering, a chuaigh isteach san eagraíocht ar 2 Meán Fómhair 2019. Tá cuid mhór taithí ag Dara i Seirbhísí Airgeadais tar éis oibriú mar Stiúrthóir Feidhmeannach agus mar Cheannasaí ar Bhaincéireacht Mhiondíola ag Banc KBC cpt. Le linn na tréimhse sin bhí Dara i gceannas seoladh agus cur i ngníomh Bhainc Mhiondíola nua, ag leathnú ar an réimse táirgí agus seirbhísí ar fáil, agus ag tairscint rogha eile baincéireachta do thomhaltóirí Éireannacha. Bhí roinnt post ceannasaíochta ag Dara sa tionscadal seirbhísí airgeadais miondíola roimh a cuid ama i KBC. Tá MBA aici ó Smurfit Business School agus céim Bhaitisiléir i mBainistíocht Eolaíochta ó Cholaiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.



Andrew O'Flanagan

Comhalta Boird

*(Athcheaptha 7 Nollaig 2023 ar feadh téarma cúig bliana)
(Cathaoirleach Eatramhach den Choiste Luach Saothair,
Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is Stiúrthóir den Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus RÉnua ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) é Andrew O'Flanagan. Bhí sé ina Cheannasaí Grúpa Dlí ag BSL agus ina Phríomhoifigeach Dlí ag Ervia sular tháinig sé isteach i GBCN i 2011 agus d'oibrigh sé i Nua-Eabhrac agus Londain ar feadh seacht mbliana mar dhlíodóir corparáideach leis an ghnólacht dlí de chuid Wall Street, Davis Polk & Wardwell, a raibh iasacht ag an bhanc infheistíochta idirnáisiúnta Morgan Stanley san áireamh. Is céimí de NUI Gaillimh agus Scoil Dlí Yale (áit a raibh sé ina Scolaire John F. Kennedy) é.



Claire Solon

Comhalta Boird

*(Athcheaptha 1 Meitheamh 2023 ar feadh téarma cúig bliana)
(Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is Stiúrthóir Bainistíochta ag Greystar Ireland í Claire Solon ag bainistiú infheistíochta agus forbartha iltheaghlaigh in Éirinn. Bhí postanna roimhe aici mar Cheannasaí Réadmhaoine ag Aviva, ag bainistiú níos mó ná €600m de chistí réadmhaoine in Éirinn agus sa RA agus Ceannasaí ar Bhainistíocht Eastát ag BSL, freagrach as bainistíocht punann réadmhaoine. Tá sí ina Chomhalta de Chumann na Suirbhéirí Cairte agus an RICS agus tá léachtanna tugtha aici go forleathan i anailísí luachála agus féidearthachta. Bhí sí ina hÚachtarán ar Chumann na Suirbhéirí Cairte in 2016 agus ar Bhord Comhairle Foirgníochta Ghlais na hÉireann.



Ronan O'Neill

Comhalta Boird

*(Ceaptha 6 Deireadh Fómhair 2025 ar feadh téarma cúig bliana)
(Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca,
Comhalta den Choiste Luach Saothair)*

Is Comhalta é Ronan d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte, Comhalta d'Institiúid na mBainc éirí agus Stiúrthóir Banc Deimhnithe. D'oibrigh Ronan i nGrúpa AIB ar feadh téarma 34 bliain ar fud raon gnólachtaí lena n-áirítear Bainc éireacht Chorparáideach, Margáí Caipitil agus ar deireadh mar Phríomhfheidhmeannach ar ghnó Aib sa Ríocht Aontaithe. Ansin chuaigh Ronan isteach i mBord Permanent TSB áit ar fhóin sé mar Chathaoirleach ar an gCoiste Riosca agus Comhlíonta, mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ina dhiaidh sin mar Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach.



Ken Slattery

Comhalta Boird

*(Athcheaptha 1 Meitheamh 2023 ar feadh téarma cúig bliana)
(Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca)*

Tá an-chuid taithí seomra boird san earnáil seirbhísí airgeadais ag Ken Slattery. Tá sé in a chathaoirleach ar DLL Leasing DAC, agus go dtí 2023 bhí sé ar bhord Permanent TSB áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an Choiste Luach Saothair agus shuigh sé ar an Choiste Ainmniúcháin, Cultúir agus Eitice. Bhí roinnt poist sinsearacha ceannasaíochta aige le Banc na hÉireann roimhe, Stiúrthóir Bainc éireacht Chorparáideach (15 bliana), agus Stiúrthóir Creidmheasa agus Oibríochtaí leis an Fhoras Airgeadais Shóisialta (9 mbliana) ina measc. Tá sé ina chomhalta de Institiúid na mBainc éirí agus is Stiúrthóir Banc Cairte é.

Ballraíocht an Bhoird amháin an 31 Nollaig 2025

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Ionchorpraíodh MTTÉ mar chomhlacht gníomhaíochta ainmnithe de bhun an Achta um Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann 2018 (“an tAcht um MTTÉ 2018”) ar 7 Nollaig 2018. Aonán grúpa, ionchorpraíodh Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (Iasachtú) CGA (“MTTÉ”) ina dhiadh sin ar 4 Eanáir 2019.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta MTTÉ laistigh de leibhéal údarais ar leith. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach cloí leis an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boid ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus bainistíocht MTTÉ.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmeanna MTTÉ forordaithe in Alt 7 d'Acht MTTÉ 2018. Tá sceideal foirmeálta ábhar curtha i leataobh lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear leis seo:

- ▶ Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais;
- ▶ Polasaí Bainistíochta Riosca;
- ▶ Ráiteas ar Mholadh Riosca, critéir cháilitheachta san áireamh;
- ▶ Plean Straitéiseach;
- ▶ Buiséod Bhliantúil agus Pleananna Corparáideach;
- ▶ Áiseanna maoinithe;
- ▶ Ceapachán agus téarmaí agus coinníollacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire); agus
- ▶ Polasaí luach saothair foriomlán agus plean soláthar foirne.

Ceanglaíonn Acht MTTÉ 2018 ar MTTÉ ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena chuid oibríochtaí do gach bliain airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord MTTÉ

- ▶ Roghnaigh beartais chuntasáíochta oiriúnacha agus cuir i bhfeidhm go comhsheasmhach iad;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh; agus
- ▶ Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasáíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn MTTÉ taifid chuntasáíochta leordhóthanacha a thugann míniú agus taifead ceart ar idirbhearta na Cuideachta, a chumasaíonn sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta ag tráth ar bith. a chinneadh le cruinneas réasúnta, ag cur ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go gcumasaítear na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá an Bord freagrach as buiséad ioncaim agus caiteachais, agus straitéis chorparáideach MTTÉ a fhorghnó.

Athbhreithníonn an Bord na réamh-mheastacháin i gcoinne an bhuiséid agus na spriocanna i rith na bliana agus déantar athbhreithniú ar éagsúlachtaí ag deireadh na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais MTTÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MTTÉ an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Forálann Bunreacht MTTÉ go mbeidh ar a laghad tríúr stiúrthóir agus seachtar stiúrthóir ar an chuid is mó, duine dóibh siúd an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar bhall ex-officio den Bhord ar dhuine acu. Cheap an tAire na chéad tríúr stiúrthóir ar fhoirmiú agus ar chlárú MTTÉ agus ceapadh an ceathrar stiúrthóir breise ar 1 Meitheamh 2019 tar éis próiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Ceapadh an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun an Bhord i Meán Fómhair 2019 ag teacht in áit duine de chomhaltaí an Bhoird.

Is é an tAire a cheapann an Cathaoirleach.

Ní rachaidh téarma oifige stiúrthóra thar chúig bliana. Féadfar stiúrthóirí a athcheapadh ar feadh téarma ina dhiaidh sin faoi réir uastréimhse deich mbliana san iomlán. Tá sonraí na stiúrthóirí reatha agus a dtréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 18 go 19.

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus tá téarmaí tagartha foirmiúla ag gach ceann acu:

- ▶ An Coiste Iniúchta agus Riosca
- ▶ An Coiste Creidmheasa
- ▶ An Coiste Luach Saothair.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar choistí an Bhoird, féach Tuarascálacha an Choiste ar leathanaigh 24 go 26.

Ina theannta sin, tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord chuig Coiste Creidmheasa na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin trí Bheartas an Údaráis Tarmligthe, atá faoi réir athbhreithnithe rialta ag an mBord.

Cuimsíonn plean an Bhoird riachtanas don Bhord tabhairt faoi meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar a Choistí. I 2024, 2023, 2021 agus 2020, rinneadh an mheastóireacht feidhmíochta seo trí fhéinmheasúnú. In dtaca le 2022 agus 2025, rinneadh meastóireacht feidhmíochta an Bhoird go seachtach de réir an cheanglais a leagtar amach i mír 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird ina chuid feidhmeanna agus déanann sé comhordú freisin ar ghníomhaíochtaí na gcoistí Boird éagsúla.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí do 2025 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fhaigheann gach comhalta ina gcáil mar chomhalta Boird nó Coiste:

Líon na gCruinnithe	Bord			An Coiste Iniúchta agus Riosca	An Coiste Creidmheasa	An Coiste Luach Saothair	Táillí 2025 €	Costais 2025 €
	Sceideal-aithe	Neamh-sceidealaithe	An Coiste Iniúchta agus Riosca					
Líon na gCruinnithe	5	2	5	4	2			
Baill an Bhoird								
Dara Deering	5	2	–	4	–	–	–	–
Marie Collins	5	2	–	4	2	€31,500	–	–
Des Carville	5	2	5	4	–	–	–	–
Grainne Hennessy	0/0(p)	0/0(p)	0/0(p)	–	0/0(p)	€2,120	–	–
Andrew O’Flanagan	4	2	–	3	2	–	–	–
Ken Slattery	5	2	5	–	–	€15,750	–	–
Claire Solon	5	2	–	3	–	€15,750	–	–
Ronan O’Neill	1/1(p)	0/1(p)	1/1(p)	–	1/1(p)	€3,938	–	–
Baill Foirne								
Sean Alger	–	–	–	4	–	–	–	–

Tagraíonn (p) don líon cruinnithe arbh fhéidir freastal orthu.

Tá comhaltaí boird MTTÉ ina mbaill de bhord MTTÉI freisin, agus tionóladh 9 gcruinniú boird MTTÉI le linn 2025.

Ní fhaigheann an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (comhalta de bhrí oifige), Andrew O’Flanagan (GBCN) nó Des Carville (Roinn Airgeadais) aon luach saothair maidir lena mballraíocht ar an mBord. Ní fhaigheann baill foirne aon luach saothair breise maidir le ballraíocht i gcoistí.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (*ar lean*)

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí triúr ball baineann (43%) agus ceathrar ball fireann (57%) ar an mBord, gan aon phoist folamh. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Tá na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne a choinneáil agus tacú leis ar an mBord seo:

- ▶ Ní théann téarma oifige comhaltaí ceaptha thar chúig bliana; agus
- ▶ Líontar folúntais bhoird tríd an bpróiseas Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a phléann na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 4.4 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le héagsúlacht.

Príomhathruithe Pearsanra

Bhí dhá athrú ar chomhaltaí an Bhoird le linn 2025.

I mí Feabhra 2025, d'éirigh Gráinne Hennessy as a post mar stiúrthóir agus ceapadh Ronan O'Neill mar stiúrthóir i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Luach Saothair

Foráiltear in Acht MTTÉ 2018 go sannfaidh an GBCN an oiread dá fhoireann ar MTTÉ de réir mar a chinnfidh MTTÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad foireann uile MTTÉ.

Tá samhail luach saothair an GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda, idirbheartaithe ina n-aonar, le luach saothair iomaíoch, ailínithe ar an margadh. Cuimsíonn an gnáthphacáiste luach saothair tuarastal bonn seasta, teidlíocht pinsin agus soláthar do phá lánroghnach a bhaineann le feidhmíocht.

Tá íocaíochtaí lánroghnacha a bhaineann le feidhmíocht ceaptha chun luach saothair a thabhairt do fheidhmíocht eisceachtúil ag féachaint d'fheidhmíocht an fhostaí féin, d'fheidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán MTTÉ. Déantar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar atá faoia ag an mBord ar mholadh anChoiste Luach Saothair.

Tá méid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a dhéantar i leith aon bhliana faoi réir ag faomhadh an Bhoird freisin.

Rinne MTTÉ íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le 16 ball foirne in 2026 i ndáil le 2025. B'ionann na híocaíochtaí seo agus €190,500 san iomlán.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €50,000 in 2025 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhFostaithe
€50,001 go dtí €75,000	4
€75,001 go dtí €100,000	8
€100,001 go dtí €125,000	12
€125,001 go dtí €150,000	4
€150,001 go dtí €175,000	5
€175,001 go dtí €200,000	1
€200,001 go dtí €225,000	1
€225,001 go dtí €250,000	0
€250,001 go dtí €275,000	0
€275,001 go dtí €300,000	0
€300,001 go dtí €325,000	0
€325,001 go dtí €350,000	1
Iomlán	36

Nóta: Chun críocha an noichta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a tugadh le linn 2025 tuarastal, sochair incháinithe eile a íoctar le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht), agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann na bhfostaithe, ach nach bhfuil ÁSPC an fhostóra nó deonacháin pinsin an fhostóra san áireamh.

Nochtadh a theastaítear de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh MTTÉ le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiríúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin i mí Lúnasa 2016. Is iad seo a leanas na nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód:

Costais chomhairliúcháin

I measc na gcostas chomhairliúcháin tá costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna mar ‘an gnó mar is gnáth’ seachfhoinsithe.

	2025 €'000	2024 €'000
Comhairle dlí	122	80
Comhairle airgeadais	40	62
Margaíocht/Dearadh/Caidreamh Poiblí	15	15
Acmhainní Duine	2	3
Eile	68	33
Iomlán na gcostas chomhairliúcháin	247	193
Costais chomhairleoireachta cáipitlithe	0	0
Costais chomhairliúcháin curtha de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	247	193
Iomlán na gcostas chomhairliúcháin	247	193

I measc na gcostas chomhairleoireachta eile tá costais do thuarascálacha taighde margaidh maidir leis an earnáil forbartha cónaithe.

Costais dlí agus socraíochtaí

Chun críocha cheanglas nochta an Chóid, níor tabhaíodh aon chaiteachas ábhartha in 2025.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a rangú mar seo a leanas:

	2025 €'000	2024 €'000
Baile		
– Bord	0	0
– Fostaithe	64	64
Idirnáisiúnta		
– Bord	0	0
– Fostaithe	1	0
Iomlán	65	64

Is éard atá i gceist le costais taistil agus cothabhála fostaithe ná costais a bhaineann le cuairteanna ar láithreán agus cruinnithe custaiméirí.

Caiteachas fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach €9.7k (2024: €8.2k) maidir le caiteachas fáilteachais foirne in 2025. Áirítear leis seo coiste spóirt agus sóisialta GBCN agus tionscnaimh éagsúlachta agus ionchuimsitheachta.

Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon MTTÉ an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ngach slí ábhartha, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (“an Cód”) le líon teoranta oiriúnuithe/éagsúlachtaí a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

Nithe a forchoimeádadh le cinneadh ag an mbord

Leagtar amach sa Chód sceideal foirmiúil ábhar atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh cinnidh ag an mBord. Seachas “leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne” atá ina ábhar do Bhord GBCN toisc gur fostaithe de chuid GBCN iad gach ball foirne de chuid MTTÉ agus go bhfuil siad ina mbaill de scéim aoisliúntais an GBCN, áirítear na nithe seo a leanas i Sceideal na nÁbhar Forchoimeáda atá leagtha amach sa Chód.

Seirbhís do chustaiméirí

Leagtar riachtanas amach sa Chód go mbeidh timthriall ceithre chéim ann maidir le cairt chustaiméirí. Maidir leis an gceathrú céim a phléann le tuairisciú na dtorthaí, de bhrí nach sonraítear sa Chód an gá don tuairisciú seo a bheith seachtrach nó inmheánach. Thuairiscigh MTTÉ na torthaí go himmheánach don Bhord.

Neamhchomhlíonadh oibleagáidí reachtúla

I bhfianaise an réimse leathan oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil MTTÉ faoina réir, tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar an gceanglas i dtaca le na hoibleagáidí is suntasaí a bhfuil MTTÉ faoina réir agus scagaire ábharthachta a chuir ar aon tuairisciú imeachta neamhchomhlíonaithe chuig an Aire.

Coiste Iniúchta agus Riosca

Molann an Cód gur cheart go roghnófar baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ó thaobh amuigh den Bhord. Cé go bhfuil an Coiste comhdhéanta go hiomlán de bhaill neamhfheidhmiúcháin Boird, tá an Bord sásta go bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach ag na baill le tabhairt faoi an ról riachtanach.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (*ar lean*)

Treoirínte bonneagair

Is dócha go mbeidh na Treoirínte Bonneagair (a tháinig in ionad an Chóid Chaiteachais Phoiblí i mí na Nollag 2023) teoranta ina gcur i bhfeidhm maidir le MTTÉ toisc gurb é a phríomhghníomhaíocht maoiniú a sholáthar d'fhorbairtí cónaithe inmharthana tráchtála. Má théann MTTÉ i mbun tionscadal caipitil, déanfar athbhreithniú breise ar infheidhmeacht na dTreoirínte.

Luach saothair agus aoisliúntas

Foráiltear in Acht MTTÉ 2018 go sannfaidh an GBCN an oiread dá fhoireann ar MTTÉ de réir mar a chinnfidh MTTÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad foireann uile MTTÉ.

Faomhann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GBCN, a dhéanann ionadaíocht ar an GBCN mar fhostóir, ábhair luach saothair i leith fostaithe an MTTÉ, mar fhostóir, de réir na gcritéar agus na socruithe maoirseachta a aontaíodh ó am go ham le MTTÉ. Maidir leis na critéir agus na socruithe maoirseachta seo, tá Coiste Luach Saothair bunaithe ag Bord MTTÉ agus tá beartas foirmiúil luach saothair curtha i bhfeidhm aige. Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh acu, ghlac MTTÉ leis na forálacha a bhaineann le comhlachtaí tráchtála Stáit, arna n-oiriúnú i bhfianaise a struchtúir rialachais agus tuairiscithe agus a shamhail luach saothair ar leith.

Ciorcláin taistil

Tá beartas taistil GBCN a bhfuil feidhm aige maidir le gach ball foirne MTTÉ bunaithe ar an gCreat um Beartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit atá sa Chód. Cuirtear rátaí míleáiste státseirbhíse atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (Imlitir 07/2017) i bhfeidhm. De réir bheartas taistil an GBCN, ní íocann MTTÉ rátaí cothaithe i leith taistil ach oibríonn sé próiseas costais deimhnithe le haghaidh aisíocaíocht costas taistil agus ní chuirtear, dá bhrí sin, ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ná fógraí oifige maidir le cothabháil i bhfeidhm.

Tuarascálacha Coiste

Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca cabhrú leis an mBord maidir le maoirseacht a dhéanamh ar:

- ▶ cáilíocht agus sláine na ráiteas airgeadais; athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh; an próiseas iniúchta inmheánaigh agus ceisteanna chomhlíonta; agus an t-athbhreithniú ar aschuir ón iniúchóir seachtrach, ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (RC&C); agus
- ▶ creat bainistíochta riosca MTTÉ lena n-áirítear inghlacthachta riosca; monatóireacht ar chloí le rialachas riosca agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.

Tá triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an mBord sa Choiste. Bad iad siúd a leanas comhaltaí an Choiste le linn 2025:

- ▶ Ken Slattery, Cathaoirleach
- ▶ Des Carville
- ▶ Grainne Hennessy (go dtí Feabhra 2025)
- ▶ Ronan O'Neill (ó Dheireadh Fómhair 2025)

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2025.

Tuairisciú airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréachtráitis airgeadais agus mhol sé don Bhord iad. Dhírigh ant-athbhreithniú ar na modhanna cuntasáíochta, ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar shoiléire agus iomláine na nochtaí ag teacht le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, agus forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil na gComhaltaí Boird, agus ar ráitis maidir le bainistíocht riosca lena gcur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil MTTÉ.

Rialuithe inmheánacha

D'athbhreithnigh an Coiste éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le cur san áireamh i ráitis airgeadais agus mhol sé é don Bhord. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thuarascáil ón mbainistíocht maidir leis na dearbhuithe atá sa Ráiteas agus clár oibre mionsonraithe an Choiste, lena n-áirítear tuarascálacha rialta iniúchta agus riosca inmheánacha, freisin.

Iniúchadh inmheánach

Is é feidhm Iniúchta Inmheánaigh GBCN a bhainistíonn próiseas iniúchta inmheánaigh MTTÉ. Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ón iniúchadh inmheánach. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh athbhreithnithe iniúchta aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe 2025 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí iniúchta. Cheadaigh an Coiste plean iniúchta inmheánaigh 2026 agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht an iniúcháir inmheánaigh. Buaileann an Choiste go príobháideach le Ceann Iniúchta Inmheánaigh GBCN gan an bhainistíocht i láthair go bliantúil ar a laghad.

Iniúchadh seachtrach

Is é iniúchóir seachtrach MTTÉ an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. D'athbhreithnigh an Coiste an plean iniúchta seachtrach, na príomhréimsí fócais agus téarmaí rannpháirtíochta an iniúchta. Tá an Coiste le buaileadh leis an iniúchóir seachtrach gan bainistíocht i láthair go bliantúil ar a laghad.

Riosca

Rinne an Coiste athbhreithniú ar Pholasaí agus ar Chreat Bainistíochta Riosca MTTÉ agus ar Ráiteas agus ar Chreat Inghlacthachta Riosca agus mhol sé don Bhord é a fhaomhadh. Rinne sé athbhreithniú agus moladh, nó faomhadh, ar roinnt beartas riosca ar leith dá bhforáiltear faoin mBeartas agus faoin gCreat um Bainistiú Riosca. Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ar thimpeallacht riosca agus rialaithe MTTÉ. Chomh maith leis sin, cheadaigh sé Plean Bainistíochta Riosca 2025 agus rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean i rith na bliana. Buaileann an Coiste go príobháideach leis an gCeann Riosca gan an bhainistíocht a bheith i láthair go bliantúil ar a laghad.

Comhlíonadh

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Chomhlíonadh GBCN agus rinne sé athbhreithniú ar an tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhlíonadh GBCN. Cheadaigh an Coiste nuashonruithe ar an mBeartas um Nochtadh Cosanta agus ar an mBeartas agus Ráiteas um Chosaint Sonraí.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Measúnú Riosca Gnó agus ar an mBeartas Frithsciúrtha Airgid agus mhol sé don Bhord iad. Buaileann an Coiste le Ceann Comhlíontachta GBCN gan bhainistíocht ar a laghad uair sa bhliain.

Eile

Ceadaíodh tosaíochtaí an Choiste maidir le 2026 mar chuid dá Chlár Oibre.

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca lena moladh don Bhord le linn 2025.

Tuarascáil an Choiste Creidmheasa

Oibríonn an Coiste faoi údarás tarmligthe ó Bhord MTTÉ ag a bhfuil an fhreagracht dheiridh acu as riosca creidmheasas MTTÉ. I gcomhréir le inghlacthacht riosca ceadaithe ag an mBord, agus ag brath ar polasaithe creidmheasa comhaontaithe, tá an Choiste Creidmheasa freagrach as ceadú feidhmeanna creidmheasa i líne le húdrás ceadaithe creidmheasa mar a áirítear sa Pholasaí Údaráis Tarmligthe ceadaithe ag an mBord.

Is ceathrar comhalta neamhfheidhmiúcháin den Bhord ar fad a chuimsíonn an Choiste, an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Ceannasaí Creidmheasa agus Riosca. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste le linn 2025:

- ▶ Marie Collins (Cathaoirleach Boird)
- ▶ Des Carville
- ▶ Andrew O'Flanagan
- ▶ Claire Solon
- ▶ Dara Deering
- ▶ Sean Alger (Ceannasaí Creidmheasa agus Riosca MTTÉ)

Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile ceithre uair i rith na bliana. Ba é a phríomhghníomhaíocht athbhreithniú ar thograí creidmheasa mionsonraithe ón mbainistíocht.

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Creidmheasa lena moladh do Bhord MTTÉ le linn 2025.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

Tuarascáil an Choiste Luach Saothair

Cabhraíonn an Coiste Luach Saothair leis an mBord maidir le cúrsaí luach saothair maidir le fostaithe GBCN a shanntar don MTTÉ de réir na gcritéar agus na socruithe maoirseachta a aontaíodh leis an GBCN. Tá an Bord freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán MTTÉ agus tá sé faoi threoir a chuid freagrachtaí trí chomhairle agus moltaí an Choiste Luach Saothair.

Tá tríúr comhalta neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an mBord sa Choiste. Ba iad na comhaltaí le linn 2025:

- ▶ Grainne Hennessy, Cathaoirleach (go dtí Feabhra 2025)
- ▶ Andrew O’Flanagan, Cathaoirleach Eatramhach
- ▶ Marie Collins
- ▶ Ronan O’Neill (ó Dheireadh Fómhair 2025)

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile dhá uair ahis rith siad rún scríofa le linn 2025.

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Luach Saothair lena moladh don Bhord le linn 2025.

Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag MTTÉ riosca a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, i gcomhréir lena Pholasáí agus Creat um Bainistiú Riosca agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca, sa chaoi go bhfuil leibhéal an riosca a nglactar leis ag teacht lena ghníomhaíocht ghnó bhunúsach, agus go dtuigeann MTTÉ agus go bhfuil sé ábalta tionchar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhainistiú nó a ionsú. Comhlíonann MTTÉ forálacha bainistíochta riosca an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Le linn 2025, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn rialta, agus fuair an Bord nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca agus rioscaí arda agus éiritheacha.

Róil agus Freagrachtaí

Bord

Tá an Bord freagrach as an fonn riosca a shocrú agus as maoirseacht agus teorú a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar fud MTTÉ. Tá sé sainordaithe ag an mBord go ndéanfar bainistíocht riosca a chomhtháthú agus a neadú in atmaisféar agus i gcultúr MTTÉ agus glacadh leis seo ar fud MTTÉ, le gach comhalta d'fhoireann MTTÉ freagrach as aithint agus bainistíocht riosca. Tá bainistíocht freagrach as athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gClár riosca agus ag deimhniú go bhfuil na rialuithe sonraithe i bhfeidhm.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas agus Creat Bainistíochta Riosca MTTÉ agus a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca MTTÉ leibhéal iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord.

Trí Líne Cosanta

Tá Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca MTTÉ bunaithe ar na trí líne chosanta cosanta.

An Chéad Líne Cosanta

Laistigh den tsamhail seo, tabhaíonn agus is leo foireann MTTÉ (gan an fheidhm riosca a áireamh) na rioscaí.

An Dara Líne Cosanta

Tá feidhm Riosca MTTÉ (agus feidhm Comhlíonta GBCN maidir le Riosca Comhlíonta) neamhspleách ar bhainistíocht agus oibríochtaí na chéad líne. Déanann siad maoirseacht ar chomhlíonadh beartas bainistíochta riosca agus soláthraíonn siad athbhreithniú agus dúshlán oibiachtúil don chéad líne cosanta. Soláthraíonn siad tuarascálacha riosca agus faisnéis do na coistí rialachais riosca freisin.

An Tríú Líne Cosanta

Feidhmíonn feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí mar chuid de thríú líne chosanta trí dhearbhu neamhspleách, réasúnach bunaithe ar riosca a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca MTTÉ, a rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin an chomhshaoil rialaithe inmheánaigh.

Iniúchadh

De réir na gceanglas reachtúil, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar MTTÉ. Is é feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí GBCN a bhainistíonn próiseas iniúchta inmheánaigh MTTÉ agus áirítear leis gnólacht seachtrach a ceapadh chun obair iniúchta inmheánaigh a dhéanamh ag tuairisciú do Cheann Iniúchta Inmheánaigh GBCN. Ba KPMG an gnólacht seachtrach a bhí i bhfeidhm le linn 2025.

Príomhrioscaí

Tá MTTÉ nocht do réimse leathan rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin. Bunaíonn an Beartas agus an Creat um Bainistíocht Riosca na próisis chun riosca a aithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a mhaolú. D'aithin MTTÉ na príomhrioscaí seo a leanas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhaint amach a chuspóirí. Ina theannta sin, coinníonn MTTÉ Clár Riosca cuimsitheach ina sainaitnítear na príomhrioscaí agus smachtanna mhaolaitheach atá os comhair MTTÉ, lena n-áirítear na príomhrioscaí thíos.

D'fhéadfadh riosca clú tarlú freisin mar thoradh ar na rioscaí sin.

Bainistíocht Riosca (*ar lean*)

Riosca	Cur síos ar an Riosca	Beart Maolaithe Riosca
Rioscar Creidmheasa	Sainmhínítear Riosca Creidmheasa mar an riosca nach mbeidh contrapháirtithe in ann a n-oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh do MTTÉ maidir le hiasachtaí nó idirbhearta airgeadais eile. Cuimsíonn an riosca seo riosca mainneachtana, riosca téarnaimh, riosca nochta, riosca comhchruinnithe agus riosca socraíochta.	Le beartanna maolaithe riosca MTTÉ áirítear athbhreithniú agus próiseas ceadaithe, géilleadh do pholasaithe agus nósanna imeachta iasachta agus creidmheasa cuí, monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú ar áiseanna.
Riosca Gnó agus Straitéiseach	An riosca nach bhfeidhmeoidh MTTÉ mar a bhíothas ag súil leis i gcoinne a shainordaithe a bhféadfadh foirmiú/forghníomhú straitéise agus/nó tosca maicreacnamaíocha agus geopholaitiúla dul i bhfeidhm air.	Déantar an riosca seo a mhaolú le hathbhreithnithe leanúnacha táirgí agus straitéiseacha chun a chinntiú go bhfuil an straitéis ailínithe le riachtanais an mhargaidh. Is féidir le MTTÉ a straitéis agus a thairiscint gnó a choigeartú chun bearnaí sa mhargadh a líonadh, faoi réir athbhreithnithe agus faoifa trí phróisis rialachais.
Riosca Oibríochta	Tá MTTÉ neamhchosanta ar riosca oibríochtúil a eascraíonn as a phróisis, a dhaoine agus a chórais inmheánacha nó as imeachtaí seachtracha, lena n-áirítear teagmhais aimsire nó paindéimí. I measc na bpríomhrioscaí oibríochtúla tá teipeanna córais (mar gheall ar chibearionsaí nó eile), earráidí tuairiscithe, sárúithe ar chosaint sonraí agus próisis inmheánacha neamhleora nó teipthe.	Maolaítear an riosca seo le sraith rialuithe a dhéantar a bhainistiú agus a mhonatóiriú trí rialachas cuí. Ina theannta sin, gjarálann MTTÉ córais, próisis agus rialuithe GBCN agus soláthraithe seirbhíse seachtracha.
Riosca Leachtachta, Margaidh agus Cothromais	Is ionann riosca cistiúcháin leachtachta, margaidh agus cothromais agus an fhéidearthacht nach mbeidh MTTÉ, thar thréimhse shonrach ama, in ann a shócmhainní a mhaoiniú nó nach mbeidh dóthain cistí aige chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, an riosca cailleanais ó athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas agus an riosca nach sealbhaítear caipiteal leordhóthanach chun aon chaillteanas gan choinne a fhritháireamh.	Déantar infhaighteacht cistí chun oibleagáidí sonracha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite a bhainistiú trí réamhphleanáil chúramach agus trí bhainistiú agus tuairisciú sreafaí airgid ó lá go lá agus trí chloí le spriocanna leachtachta a leagtar amach i mbeartais ábhartha. Maoinítear iasachtaí ar ráta athraitheach d'iasachtaí go príomha trí iasachtaí ar ráta athraitheach chun riosca ráta úis a íoslaghdú.
Riosca Comhlíonta	An riosca nach n-eireoidh le MTTÉ ceanglais agus spriocdhátaí rialála agus/nó reachtacha nua nó atá ann cheana a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh. Ní mór do MTTÉ cloí le líon riachtanas reachtaíochta lena n-áirítear dlí cosanta sonraí, reachtaíocht fhrith-sciúradh airgid nó Rialacha Cúnamh Stáit.	Cloí le polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha chomh maith le tacaíocht oibríochtúil agus seirbhíse curtha ar fáil ag GCBN faoi Chomhaontú Seirbhíse lena n-áirítear soláthar Oifigeach um Chosaint Sonraí agus Oifigeach Tuairisciú Sciúradh Airgid. Faightear tuarascáil ar Phrionsabal an Oibreora um Gheilleagar an Mhargaidh gach bliain chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le Státchabhair.
Riosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais	An riosca nach nglacann MTTÉ na bearta is gá chun CSR a chomhtháthú agus a chur chun feidhme ina oibríochtaí gnó agus ina chleachtais oibre.	Cuimsíonn sraith táirgí MTTÉ Tithíocht Shóisialta/ Inacmhainne agus táirge Maoinithe Ghlais. Ní mór d'fhorbairtí arna maoiniú ag MTTÉ cloí leis na caighdeáin atá leagtha amach sna ceadanna pleanála agus sna rialacháin tógála is infheidhme. Tá creat láidir bainistíochta riosca i bhfeidhm ag MTTÉ le maoirseacht agus tuairisciú do Bhord MTTÉ. Cuireann GBCN tionscnaimh chorpáraídeacha éagsúla ar fáil freisin do MTTÉ lena n-áirítear an Fhoireann Ghlas agus an Grúpa Inbhuanaitheachta.

Foireann Bainistíochta



Dara Deering
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Sean Alger
Ceannasaí Creidmheasa agus Riosca



Denise Donovan
Ceannasaí Oibríochtaí, Punainne agus Airgeadais



Fergus Mangan
Ceannasaí Tráchtála



Paula Flinter
Ceannasaí Dlí



Tony McMahon*
Ceannasaí Riosca

* Ceapadh Tony McMahon mar bhall den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ón 5 Eanáir 2026, ag glacadh freagrachtaí mar Cheann Riosca ón 10 Aibreán 2026. Tá Seán Alger le dul ar scor i R2 2026.

Teistiméireachtaí ó Chustaiméirí

Aidan Clancy, Clancy Homes

“Táimid ag obair le Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann ó 2022 i leith thar dhá thionscadal cónaithe suntasacha leanúnacha, os cionn 100 teach nua ag Fox Meadows i gCill Chainnigh agus os cionn 300 teach ag Ard Griffin i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí. Bhí a bhfoireann go hiontach ag obair leis. Tá siad solúbtha, éasca le déileáil leo, agus réidh le dul in oiriúint nuair a athraíonn rudaí ar an suíomh. Bhí sé go hiontach comhpháirtí maoinithe a bheith againn a thuigeann i ndáiríre conas a fhorbraíonn tionscadail agus a thacaíonn linn gach céim den bhealach .”



Michael McHale, Moyville Homes

“Ón tús, bhí foireann MTTÉ soiléir, sofhreagrach agus éasca le hoibriú leo i rith an phróisis ar fad. Chuir a dtacaíocht ar ár gcumas an tionscadal a chur chun cinn go héifeachtúil i mí Feabhra 2026 agus tús a chur le tithe a bhfuil géarghá leo a sholáthar i gCo. na Mí. Mholfaimis go mór MTTÉ as a gcur chuige praiticiúil agus a dtuiscint láidir ar fhorbróirí FBManna – cúinse riachtanach chun cabhrú le hÉirinn na spriocanna tithíochta atá leagtha síos ag an Rialtas a bhaint amach.”



Michael Polgar, Brader Holdings

“Thug MTTÉ tacaíocht dúinn ón tús. Bhí an ghairmiúlacht agus an cúnamh i bhfad níos fearr ná mar a bhíodas ag súil leis. Thug MTTÉ cuairt ar ár suíomh agus léirigh siad fíor-spéis agus thug siad cúnamh dúinn maidir le hiarratas a dhéanamh, maidir le dlí agus maidir le tarraingt anuas. Leag MTTÉ amach na frámaí ama agus d’éirigh linn ár n-ionchais a bhainistiú. Chuir siad airgeadas costéifeachtach ar fáil, agus beimid á n-úsáid arís dár gcéad tionscadal eile. Tá muinín againn as na riachtanais iasachtaithe agus as an bhfoireann a sheachadann é.”



RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AR MAOINIÚ TÓGÁLA TITHÍOCHTA ÉIREANN AGUS A FOCHUIDEACHTA

don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025

Uimhir Chláraithe na Cuideachta: 639272

An Chuideachta agus Faisnéis Eile	32
Tuarascáil na Stiúrthóirí	33
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	36
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	37
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	40
Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach	43
Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais	44
Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe ar Chothromas	45
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid	46
Ráiteas Cuideachta Ioncaim Cuimsitheach	47
Ráiteas Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais	48
Ráiteas Cuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas	49
Ráiteas Cuideachta ar Shreafaí Airgid	50
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	51

An Chuideachta agus Faisnéis Eile

Stiúrthóirí

Marie Collins (*Cathaoirleach*)

Desmond Carville

Dara Deering

Grainne Hennessy (*d'éirigh as ar 14 Feabhra 2025*)

Ronan O'Neill (*ceaptha 6 Deireadh Fomhair 2025*)

Andrew O'Flanagan

Timothy Ken Slattery

Claire Solon

Rúnaí na Cuideachta

Cecilia Fourie

Oifig Chláraithe

Duga an Státhiste

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 A9T8

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt

Sráid Theach Laighean

Baile Átha Cliath 2

D02 W260

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid Wapping Nua

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 F7X3

Iniúcháir

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann Stiúrthóirí Mhaoiníú Teaghais-Tógála Éireann Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain ag críochnú ar 31 Nollaig 2025 (“an bhliain airgeadais”).

Ionchorpraíodh Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann CGA (“MTTÉ” nó an “Cuideachta”), an chuideachta sealbhaíochta, ar 7 Nollaig 2018 (clárú cuideachta 639272) de bhun an Achta um Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann 2018 (“Acht MTTÉ 2018”) a aachtaíodh ar 3 Nollaig 2018.

Ag corprú, chionroinn agus d’eisigh an chuideachta sealbhaíochta scaireanna le luach ainmniúil de €20m chuig an Aire Airgeadais. Bhunaigh an MTTÉ agus is scairshealbhóir 100% í de Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA (“MTTÉI” nó an “Fochuideachta”) a corpraíodh ar 4 Eanáir 2019 (clárú cuideachta 640801).

Príomhghníomhaíochtaí

Is soláthar maoiníú féich ar son forbairt cónaithe sa Stát príomhghníomhaíocht an Ghrúpa. Solathraíonn an Ghrúpa, trí a fochuideachta MTTÉI, maoiníú do fhorbróirí atá ag iarraidh tionscadail forbairtí cónaithe inmharthanna a thógáil in Éirinn ar bhonn téarmaí agus coinníollacha coibhése tráchtála agus margaidh.

Athbhreithniú gnó

Is cuid de Thuarascáil na Stiúrthóirí í Tuarascáil Bhliantúil 2025 (“an Tuarascáil”). Tugtar tuairisc i Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht MTTÉ sa bhliain airgeadais agus ar theagmhais mhóra a tharla le linn na tréimhse. Tá tuilleadh faisnéise maidir le straitéis, samhail ghnó agus oibríochtaí MTTÉ leagtha amach i rannán Athbhreithniú Gnó an Tuarascáil Bhliantúil.

Le linn na bliana airgeadais, dhírigh MTTÉ ar a phríomhchuspóirí a bhaint amach trí leanúint ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar iasachtaí agus ar réamhfhéideanna iasachta d’fhorbairtí atá ann cheana agus d’fhorbairtí nua. Léiríonn a leanas na príomhthorthaí i rith na bliana airgeadais:

- ▶ €657m iasacht ceadaithe do hiasachtaí¹ ;
- ▶ €545m i maoiníú réamhíochta le hiasachtaí faoi iasachtaí ceadaithe²;
- ▶ €462m in iasachtaí aisíochta ag iasachtaí;
- ▶ €4.2m i mBrabús don bhliain tar éis cánach.

Ina theannta sin, chuaigh MTTÉ isteach i saoráid iasachta €200m le Danske Bank A/S chun a mhaoiníú reatha ón Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann a fhorlíonadh d’fhonn a acmhainn iasachtaí a threisiú.

Príomhríoscaí agus éiginnteachtaí

Tá mionsonraí maidir leis na ríoscaí bunairgid agus na neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa thíos. Ina theannta sin, d’fhéadfadh riosca clú a bheith ann mar thoradh ar na ríoscaí seo.

Riosca Creidmheasa

- ▶ Sainmhínítear Riosca Creidmheasa mar an riosca nach mbeidh contrapháirtithe in ann a n-oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh do MTTÉ maidir le hiasachtaí nó idirbhearta airgeadais eile. Cuimsíonn an riosca seo riosca mainneachtana, riosca téarnaimh, riosca nochta agus riosca comhchruinnithe.
- ▶ Éiginnteachtaí: Costais ag ardú ar fhorbairtí, ar dhúshláin bhonneagair.

Riosca Gnó agus Straitéiseach

- ▶ Tá baol ann nach bhfeidhmeoidh MTTÉ mar a bhíodhas ag súil leis i gcoinne a shainordaithe a bhféadfadh foirmlíú agus forghníomhú straitéise agus/nó tosca maicreacnamaíochta agus geopholaitiúla difear a dhéanamh dóibh.
- ▶ Éiginnteachtaí: Timpeallacht mhaicreacnamaíoch lena n-áirítear tírdhreach geopholaitiúil, infhaighteacht talún forbartha agus dúshláin bhonneagair.

Riosca Oibríúcháin

- ▶ Tá MTTÉ neamhchosanta ar riosca oibríochtúil a eascraíonn as a phróisis, a dhaoine agus a chórais inmheánacha nó as imeachtaí seachtracha, lena n-áirítear teagmhais aimsire nó paidimí. I measc na bpríomhríoscaí oibríochtúla tá teipeanna córais (mar gheall ar chibearionsaí nó eile), earráidí tuairiscithe, sárúithe ar chosaint sonraí agus próisis inmheánacha neamhleora nó teipthe.
- ▶ Éiginnteachtaí: Cibirdhreach, imeachtaí adhaimisire, sláinte nó paidimí dhomhanda.

1 Ní rachaidh gach iasacht a cheadófar ar aghaidh chun maoiníú a tharraingt anuas ó MTTÉ ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionscadal gan dul ar aghaidh nó maoiníú malartach a fháil
2 Lena n-áirítear táillí gealltanais caipitlithe

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Riosca Leachtachta, Margaidh agus Cothromais

- ▶ Is é riosca leachtachta, margaidh agus maoiniú cothromais an fhéidearthacht nach mbeidh MTTÉ in ann a shócmhainní a mhaoiniú thar thréimhse ama shonrach nó nach mbeidh dóthain cistí aige chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, an riosca caillteanais ó athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas agus an riosca nach mbeidh dóthain caipitil ina sheibh chun aon chaillteanais gan choinne a fhritháireamh.

Riosca Rialála

- ▶ An riosca go mainneoidh MTTÉ ceanglais agus spriocdhátaí rialála agus/nó reachtachta nua nó atá ann cheana a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh. Ní mór do MTTÉ cloí le roinnt ceanglas rialála lena n-áirítear dlí cosanta sonraí, reachtaíocht frithsciúrtha airgid agus rialacha Státchabhrach.
- ▶ Éiginnteachtaí: Tionchar féideartha athruithe ar reachtaíocht.

Riosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (“CSR”)

- ▶ An riosca nach nglacann MTTÉ na bearta is gá chun CSR a chomhtháthú agus a chuir i bhfeidhm ina oibríochtaí gnó agus ina chleachtais oibre. D’fhéadfadh deiseanna cailte, rioscaí CSR neamh-aitheanta agus droch-chinntí rialachais a bheith mar thoradh air sin.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí airgeadais, ina gcuimsítear riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca caipitil agus riosca comhchruinnithe, chomh maith le riosca creidmheasa i ngnáthchúrsa a cuid gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an chaoi a ndéanann an Grúpa bainistiú ar na rioscaí airgeadais seo i Nóta 12 leis na ráitis airgeadais.

Stiúrthóirí

Is iad ainmneacha a leanas na daoine a bhí mar Stiúrthóirí na cuideachta ag aon tráth i rith na bliana airgeadais:

Marie Collins (*Cathaoirleach*)

Desmond Carville

Dara Deering

Grainne Hennessy (*go dtí Feabhra 2025*)

Ronan O’Neill (*ó Dheireadh Fómhair 2025*)

Andrew O’Flanagan

Timothy Ken Slattery

Claire Solon

Rúnaí Cuideachta

Cecilia Fourie

Leasanna na Stiúrthóirí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa Ghrúpa le linn na bliana airgeadais ná ag deireadh na bliana airgeadais. Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe an Ghrúpa.

Taifid chuntasaíochta dhóthanacha

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíonann an Grúpa a dualgais maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil mar a éilítear faoi ailt 281 go 285 d’Acht na gCuideachtaí 2014, trí úsáid a bhaint as pearsanra cuntasaíochta cáilithe agus córais agus nósanna imeachta cuí, arna leagan amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar leathanach XX. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe an Ghrúpa i nDuga an Státchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

Torthaí airgeadais

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais agus sócmhainní, dliteanas agus staid gnóthaí an Ghrúpa sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach agus an Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais ar leathanaigh 43 agus 44 faoi seach. Leagtar amach torthaí agus staid gnóthaí na Cuideachta ar leathanaigh 47 agus 48.

Caipiteal agus díbhinní

D’fhaomh an Bord Beartas Caipitil agus Díbhinne ina leagtar amach cur chuige an Ghrúpa maidir le leithdháileadh caipitil lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do chothabháil caipitil chun tacú le hathléimneacht oibríochtúil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar leithdháileadh caipitil an Ghrúpa agus tá aon chinneadh maidir le dáileadh díbhinní faoi réir na gceanglas cothabhála caipitil atá leagtha amach sa pholasaí. Níl an Grúpa srianta ag aon riachtanais chaipitil a fhorchuirtear go seachtrach ach, de bhun a bheartais leithdháilte caipitil agus tar éis Athbhreithniú na Bliana, tá leithdháileadh €2.5m de bhrabúis 2025 (2024: €2.15m) ceadaithe ag an mBord, rud a fhágann go bhfuil Tuilleamh Coinnithe iomlán an Ghrúpa atá neamh-indáilte go €6.2m (2024:€3.7m).

Níor íoc an Grúpa aon díbhinní i rith na bliana airgeadais lena scairsealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, agus níl sé i gceist aige aon díbhinní a íoc le haghaidh na bliana airgeadais seo.

Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Féach Nóta 25 de na ráiteas airgeadais.

Iniúchóir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir reachtúil an Ghrúpa de bhua alt 15 (2) d'Acht MTTÉ 2018, a cheadaíonn gurbh é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir reachtúil an MTTÉ cé gurb aonán seachbhrabúsach é.

Chomh fada agus is eol do gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ag dáta ceadaithe na ráitis airgeadais:

- ▶ Níl aon faisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí an Ghrúpa; agus
- ▶ Ghlac na Stiúrthóirí gach céim ba chóir dóibh a bheith glactha mar Stiúrthóirí d'fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun cinntiú go bhfuil iniúchóirí an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Tugtar an cinntiú seo agus ba cheart go é a léirmhíniú de réir forálacha Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



Marie Collins

An Cathaoirleach

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta (“na ráitis airgeadais”) a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.


Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bhliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a chur le chéile de réir FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme san RA agus in Éirinn (Eanáir 2022 le leasaithe cuí)*, eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (“an creat tuairiscithe airgeadais ábharthach”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014. Agus ráitis airgeadais seo á gcur le chéile, ní mór go ndéanfaidh Stiúrthóirí:

- ▶ beartais chuntasaíochta chúí a roghnú do na ráitis airgeadais agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin chuntasaíocht a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ▶ a rá cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag leanadh na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus nóta a dhéanamh de éifeacht agus fáthanna aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá siad freagrach freisin sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. D’fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ullmhaítear na ráitis comhdhlúite airgeadais agus ráitis airgeadais Cuideachta don MTTÉ laistigh de chreat rialaithe inmheánach bunaithe ag an MTTÉ. Tá Bord MTTÉ agus na coistí bunaithe ag an mBord freagrach as monatóireachta agus maoirseacht MTTÉ agus a fhochuideachta, MTTEI.

Raon Freagrachta

Thar ceann an Ghrúpa, aithníonn muid freagracht an Bhoird as cinnte a dhéanamh go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear i gcuntas leis an bhfreagracht sin riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a fhoirceannadh. Mar sin de, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht absalóideach, a thabhairt go gcosnaítear acmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairgeadh i gceart, agus go ndéantar botúin nó neamhréireachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir eisiithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm ag an MTTÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus go dtí dáta faoia na ráiteas airgeadais.

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá creat foirmiúil bainistíochta riosca agus rialachais i bhfeidhm ag MTTÉ, atá deartha chun tacú le bainistíocht réamhghníomhach riosca. Leagann Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Inghlacthachta Riosca MTTÉ le chéile amach a phróisís bainistíochta riosca agus bainistíochta riosca.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (“CIR”) ag MTTÉ ar a bhfuil triúr ball neamhfheidhmiúcháin den Bhord a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta acu, agus gníomhaíonn duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile cúig huairé i rith 2025.

Déanann an CIR maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí MTTÉ, atá bunaithe ar chlár oibre comhaontaithe leis an CIR agus a chuirtear i gcrích ag feidhm iniúchóireachta inmheánaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”).

Cuireann GBCN seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, iniúchóireachta inmheánaí, comhlíonta agus soláthair ar leith ar fáil do MTTÉ, dá bhforáiltear faoi alt 9 d’Acht MTTÉ 2018, agus de réir mar atá comhaontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse idir GBCN agus MTTÉ. Mar sin, bíonn MTTÉ ag brath go suntasach ar na rialuithe a fheidhmíonn GBCN. Tá córas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach forbartha ag GBCN agus déantar aon seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do MTTÉ faoin Comhaontú Seirbhíse a chur ar fáil laistigh de chóras rialaithe inmheánach GBCN. Tá deimhniú i scríbhinn faighte ag MTTÉ ó GBCN gur athbhreithnigh sé a chóras rialaithe inmheánaigh i dtaca le seirbhísí arna gcur ar fáil do MTTÉ.

Bhraith MTTÉ freisin ar rialuithe a oibríonn a sholáthraí Seirbhísí Iasachta tríú páirtí. Soláthraítear na seirbhísí iasachta seo de réir Comhaontaithe Seirbhíse agus tá nósanna imeachta bunaithe ag MTTÉ leis an soláthraí Seirbhísí Iasachta chun teagmhais a thuairisciú, lena n-áirítear teipeanna rialaithe. Tá deimhniú i scríbhinn faighte ag MTTÉ óna sholáthraí Seirbhísí Iasachta, Fexco Asset Finance Limited, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar a chóras rialaithe inmheánaigh i ndáil le seirbhísí a chuirtear ar fáil do MTTÉ.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag MTTÉ lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú, agus cuirtear tuairisc ar fáil maidir leis an méid sin.

Tá Clár Rioscaí in áit, a aithníonn príomhrioscaí don MTTÉ agus aithnítear, meastar agus déantar iad a ghrádú de réir a thábhacht. Ar bhunús rioscaí a aithnítear, cuirtear rialuithe i bhfeidhm lena mbainistiú agus lena maolú. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go ráithiúil agus déanann Bord na Stiúrthóirí é a athbhreithniú gach bliain ar a laghad, agus na príomhrioscaí a athbhreithniú ag an Bhord ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnachtaí seo chun bainistíocht na rioscanna seo ag leibhéal inghlactha a phleanáil agus acmhainní a leithdháileadh dóibh. Éilítear ar an bhfoireann bainistíochta fianaise a thabhairt ar bhonn ráithiúil go bhfuil na rialuithe atá taifeadta sa Chlár Rioscaí i bhfeidhm agus éifeachtach, chomh fada agus is eol dóibh.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (*ar lean*)

Déanann an Chlár Rioscaí (i) na rialuithe atá ag teastáil le na rioscaí a mhaolú a shonrú agus (ii) leagan sé freagracht oibríocht na rialuithe le ball forine áirithe. Dearbhaíonn muid go bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid den timpeallacht rialaithe:

- ▶ Nósanna imeachta doiciméadaithe le haghaidh próisis thábhachtacha ghnó;
- ▶ Córais lena gcinntítear go gcoinnítear na córais faisnéise agus cumarsáide teicneolaíochta slán;
- ▶ Athbhreithniú agus measúnú rialta ar shócmhainní airgeadais;
- ▶ Córas comhtháite buiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí a athbhreithniú agus a fhaomhadh; agus
- ▶ Athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla airgeadais ina gcuirtear síos go mion ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnacha

Tá próisis bunaithe ag MTTÉ chun faireachán agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe a dhéantar trína trí líne den tsamhail chosanta. Tá MTTÉ ar fad freagrach as riosca a bhainistiú ó lá go lá agus as a chinntiú go bhfuil rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm agus go bhfeidhmíonn siad go héifeachtach. Tá na trí líne chosanta comhdhéanta de:

- ▶ An Chéad Líne ina bhfuil Foireann MTTÉ (gan riosca a áireamh) a thabhaíonn na rioscaí agus a bhfuil úinéireacht acu orthu;
- ▶ An Dara Líne ina bhfuil Creidmheas agus Riosca MTTÉ agus Comhlíonadh GBCN (maidir le riosca comhlíonta). Feidhmíonn feidhm Creidmheasa agus Riosca MTTÉ mar Dara Líne Chosanta ar a bhfuil freagracht as dúshlán neamhspleách agus maoirseacht ar mhonatóireacht riosca a sholáthar; agus
- ▶ Tríú Líne ina gcuimsítear Iniúchadh Inmheánach a sholáthraíonn, faoi théarmaí an comhaontú seirbhíse leis an GBCN, dearbhú neamhspleách, réasúnta, rioscabhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca MTTÉ, rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin na timpeallachta rialaithe inmheánaigh atá bunaithe.

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear aon easnaimh in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh ina leith agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, go tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh a leanas ar bun:

- ▶ Rinneadh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann a aithint agus cuireadh próisis ar bun chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin agus aon easnaimh arna n-aithint a thuairisciú;
- ▶ Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ina ndearnadh freagracht as bainistiú airgeadais a shannadh; agus
- ▶ Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil/bhliantúil agus soláthraítear tuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Soláthraíonn GBCN tacaíocht soláthair MTTÉ agus cloíonn MTTÉ le Beartas Soláthair GBCN (arna fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin) agus le nósanna imeachta gaolmhara, atá ag teacht le treoirínte reatha Oifig um Sholáthair Rialtais.

In imthosca áirithe, meastar gur iomchuí eisceachtaí atá údaraithe go cuí a fháil ón mBeartas agus faoin Nós Imeachta (i.e. gan próiseas iomaíoch tairisceana a réachtáil) maidir le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a luacháiltear os cionn €5,000 (gan CBL san áireamh) agus faoi thairseacha an AE. Formheasann an fhoireann Bainistíochta Feidhmíocháin eisceachtaí den sórt sin agus ní hionann iad agus soláthar neamhchomhlíontach. Le linn 2025, ní raibh aon eisceachtaí (> €25,000) soláthair dá leithéid le tuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaíonn muid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MTTÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Tá faireachán agus athbhreithniú MTTÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ardbhainistíocht MTTÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaíonn muid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2025.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigeachtaí ó thaobh an chóras rialú inmheánach inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 de ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais grúpa agus cuideachta Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann cuideachta gníomhaíochta ainmnithe iniúchta agam don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- ▶ an ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ioncam cuimsitheach,
- ▶ ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar an staid airgeadais,
- ▶ ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar athruithe ar chothromas,
- ▶ ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara,
- ▶ lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go bhfuil na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- ▶ tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain
- ▶ ullmháodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus
- ▶ ullmháodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar na grúpchuideachtaí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tá na ráitis aidgeadis ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn gnóthais leantaigh. Mar atá tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugaim tátail maidir leis an méid seo a leanas

- ▶ oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh; agus
- ▶ cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Tuairim ar nithe eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúcháireachta, tuairiscím go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, i mo thuairim

- ▶ tá an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ▶ tá tuarascáil na stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla infheidhme.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam, ar feadh m'eolais agus mo chreidimh, is gá mheasaim is gá chun críocha na hiniúcháireachta.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasáíochta an ghrúpa le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasáíochta.


Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an ngrúpa agus ar a thimpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithin mé aon mhírítis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orm freisin tuairisc a chur ar fáil más rud é, i mo thuairim, nach ndéantar nochtadh ar luach saothair stiúrthóirí agus ar idirbhearta a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Faisnéis eile a thuairisciú

Tá na stiúrthóirí freagrach as faisnéis eile atá curtha i láthair acu leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil comhaltaí an bhoird, ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

14 Aibreán 2026

Foscúbhinn a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Leagann an ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil comhaltaí an bhoird amach freagrachtaí na stiúrthóirí as an méid seo a leanas

- ▶ ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- ▶ cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- ▶ rialtacht idirbhearta a chinntiú
- ▶ oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- ▶ cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chiallois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 15 den Acht um Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an ghrúpa agus an chomhlachta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chiallois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí.

Féadfaidh míráitis eascairt as callois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- ▶ Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chiallois nó ar bhotún, a shainnithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chiallois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

- ▶ Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- ▶ Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta gaolmhar.
- ▶ Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtheadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtheadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an gcomhlacht scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- ▶ Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtheadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Eolas eile

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Cuimsitheach

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €000	2024 €000
Ioncam úis	5	27,553	25,225
Speansasas úis	6	(17,829)	(16,114)
Glanioncam úis		9,724	9,111
Ioncam eile	7	5,288	4,299
Speansasais oibriúcháin	8	(10,152)	(8,897)
Brabús oibriúcháin roimh cháin		4,860	4,513
Caiteachas inchánach	10	(625)	(577)
Brabús don bhliain tar éis cánach		4,235	3,936
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
Iomlán an ioncaim chuimsitheach don bhliain		4,235	3,936

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	31 Nollaig 2025 €000	31 Nollaig 2024 €000
Sócmhainní neamhreatha			
Iasachtaí agus infháltais	11	276,006	187,187
Infáltais eile	14	482	452
		276,488	187,639
Sócmhainní reatha			
Iasachtaí agus infháltais	11	121,126	104,124
Infáltais eile	14	2,054	1,654
Airgead agus coibhéisí airgid		44,262	46,204
		167,442	151,982
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite de bhliain amháin			
Maoiniú	16	(664)	–
Dlíteanais eile	15	(6,547)	(5,104)
		(7,211)	(5,104)
Glan-sócmhainní reatha		160,231	146,878
Iomlán na sócmhainní lúide dlíteanais reatha		436,719	334,517
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis bliain amháin			
Maoiniú	16	(403,159)	(305,269)
Dlíteanais eile	15	(2,284)	(2,207)
Glan-sócmhainní		31,276	27,041
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite léirithe mar chothromais	19	20,000	20,000
Tuilleamh choinnithe		11,276	7,041
Iomlán an chothromais		31,276	27,041

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:

Dara Deering
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

Marie Collins
An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA


9 Aibreán 2026

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe ar Chothroimas

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Scair- chaipiteal €000	Brabús coinnithe €000	Iomlán cothroimas €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	20,000	3,105	23,105
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	–	3,936	3,936
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2024	20,000	7,041	27,041
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	–	4,235	4,235
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2025	20,000	11,276	31,276

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:



Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €000	2024 €000
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Brabús don bhliain		4,235	3,936
Réamhíocaíochtaí do hiaschaithe	11	(544,551)	(434,805)
Aisíocaíochtaí ó iaschaithe	11	461,871	473,803
Fáltais úis	11	(23,141)	(21,085)
Méadú in infháltais eile	14	(430)	(1,128)
Ús iníochta	16	16,804	15,534
Méadú i ndliteanais eile	15	1,520	1,447
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí feidhmithe		(83,692)	37,702
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Iasachtaí maoinithe a fuarthas	16	387,500	257,410
Iasachtaí maoinithe aisíochta	16	(305,750)	(292,823)
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		81,750	(35,413)
Glan (laghdú)/méadú in airgead agus coibhéisí airgid		(1,942)	2,289
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir		46,204	43,915
Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig		44,262	46,204

Ráiteas Cuideachta Ioncaim Cuimsitheach

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €000	2024 €000
Ioncam úis		-	-
Speansas úis		-	-
Glanioncam úis		-	-
Ioncam eile		22	31
Speansais oibriúcháin	8	(69)	(79)
Cailteanas oibriúcháin roimh cháin		(47)	(48)
Caiteachas cánach	10	-	-
Cailteanas don bhliain tar éis cánach		(47)	(48)
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
Iomlán an ioncaim chuimsitheach don bhliain		(47)	(48)

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	31 Nollaig 2025 €000	31 Nollaig 2024 €000
Sócmhainní neamhreatha			
Infheistíocht i bhfochuideachta	22	19,000	19,000
		19,000	19,000
Sócmhainní reatha			
Airgead agus coibhéisí airgid		917	895
		917	895
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite de bhliain amháin			
Dlíteanais eile	15	(509)	(440)
Glan-sócmhainní reatha			
		408	455
Iomlán na Sócmhainní líide dliteanais reatha			
		19,408	19,455
Glan-sócmhainní			
		19,408	19,455
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite léirithe mar chothromais	19	20,000	20,000
Caillteanais choinnithe		(592)	(545)
Iomlán an chothromais			
		19,408	19,455

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA


9 Aibreán 2026

Ráiteas Cuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Scair- chaipiteal €000	Cailteanais choinnithe €000	Iomlán cothromas €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	20,000	(497)	19,503
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(48)	(48)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	20,000	(545)	19,455
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(47)	(47)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025	20,000	(592)	19,408

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:



Dara Deering

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



Marie Collins

An Cathaoirleach
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

9 Aibreán 2026

Ráiteas Cuideachta ar Shreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2025

	2025 €000	2024 €000
Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Caillteanais don bhliain	(47)	(48)
Méadú i ndliteanais eile	69	79
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	22	31
Sreafaí airgid as ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Infheistíocht i bhfochuideachta	-	-
Glanshreafaí airgid as ghníomhaíochtaí infheistíochta	-	-
Glan méadú in airgead agus coibhéisí airgid	22	31
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir	895	864
Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig	917	895

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Aonán tuairiscithe

Cuimsíonn Grúpa MTTÉ Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, mar chuideachta sealbhaíochta, agus a fhochuideachta Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú). Is Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) teoranta ag scaireanna corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimhir Chláraithe 640801). Is iad maoiniú fiachais a sholáthar d'fhorbairt chónaithe sa Stát príomhghníomhaíocht an Ghrúpa.

Tá oifig chláráithe an dá chuideachta i Duga an Stáitchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais ráitis airgeadais MTTÉ agus Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025. Léirítear ráitis airgeadais na cuideachta sealbhaíochta, MTTÉ, ar leith sa tuarascáil seo.

2. Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais seo don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102 *an Caigndeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (Eanáir 2022 le leasaithe cuí)*, eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA (“FRS 102”) tar éis cinne a dhéanamh, mar a cheadaíonn FRS 102, cuntas a thabhairt ar ionstraimí airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta tríd rialacha aitheantas agus tomhas IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas*.

3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas. Measúnaítear meastacháin agus breithiúnais go leanúnach agus tá siad bunaithe ar roinnt tosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais sna ráitis airgeadais. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó ar réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin tábhachtach do na ráitis airgeadais thíos:

3.1 Príomhfhoinsí na meastachán agus breithiúnas

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí a bhaineann leis an todhchaí, agus príomhfhoinsí éiginnteachta eile sna meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh baol mór a bheith ag baint leo ó thaobh suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile a choigeartú go hábhartha.

3.1.1 Measúnú ar bhearnú iasachta

I gcomhréir le ceanglais IAS 39 mar a cheadaíonn FRS 102, déanann an Grúpa athbhreithniú ar a phunann iasachtaí le fianaise oibiachtúil de lagú a aimsiú ag dáta an ráitis ar an stádas airgeadais. Agus cinneadh á dhéanamh ag an nGrúpa ar cheart caillteanas lagaithe a thairfeadh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ar an dáta tuairiscithe, úsáideann sé foinsí inmheánacha agus seachtracha eolais lena mheas cibé acu an bhfuil aon fhianaise ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe (i gcomhréir le IAS 39.59). D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le fianaise de lagú:

- ▶ deacrachtaí suntasacha airgeadais an iasachtaí;
- ▶ sárú conartha, ar nós mainneachtain in íocaíochtaí úis nó bunairgid;
- ▶ bronnadh lamháltais ar an bhforbróir ar chúiseanna eacnamaíochta nó dlí a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach mbreithneofaí seachas sin; nó
- ▶ i gcás inar dócha go dtitfidh na hiasachtaithe i bhféinmheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean*)

Má tá aon fhianaise oibiachtúil ar lagú ann déanann an Grúpa ríomh mionsonraithe lagaithe ar gach iasacht go haonair chun cinneadh a dhéanamh cén méid cailteanas lagaithe ar cheart aithint. Tá sócmhainn bearnaithe, agus aithnítear cailteanas bearnaithe, má thabhaítear an cailteanas ag an dáta tuairiscithe mar thoradh ar eachtra a tharla tar éis chéad aithint na socmhainne.

3.1.2 Aithint ioncaim ar iasachtaí agus infhaltais

Leagtar amach polasaí cuntasáiochta do aithint ioncaim ar iasachtaí agus infhaltias i Nóta 4.5.

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

4.1 Bonn ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá Bord Stiúrthóirí na Cuideachta (“an Bord”) sásta go leanfaidh an Chuideachta agus an Ghrúpa mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Ina thuairim ar cé acu an bhfuil cuntasáiocht ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar fheidhmeanna na Cuideachta agus an Ghrúpa mar a leagtar amach san Acht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018, agus creideann sé go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Grúpa agus an Chuideachta in ann a sainordú a chomhlíonadh.

Tá gníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, gnó agus straitéiseach, oibríochtúil, leachtachta, margaidh agus cothromais, riosca rialála agus comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosca riosca seo agus ar gach eolas ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a mbuntacaíonn lena straitéisí fadtéarmacha.

Mar a cheadaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014, tá na socrúithe agus na ceannteidil agus na fo-cheannteidil a theastaíonn ar shlí eile de réir Fhoirmle 1 den Chuntas Brabúis agus Cailteanas agus Fhoirmle 1 den Ráiteas ar an gClár Comhardaithe oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí de réir mar a éilíonn cineál speisialta ghnó an Ghrúpa agus na Cuideachta oiriúnú den sórt sin. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus cuir i láthair an Ghrúpa agus na Cuideachta. Tá na figiúirí sna ráitis airgeadais sna mílte €.

4.2 Bonn comhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta fiontair a rinneadh suas go 31 Nollaig gach bliain. Dibrítear bearta, iarmhéideanna, ioncaim agus speansais ionghrúpa ar fad ag comhdhlúthadh.

4.3 Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Tuairiscítear infheistíocht san fochuideachta, Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú), i ráitis airgeadais na Cuideachta ag costas lúide bearnúchán.

4.4 Bonn Tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

4.5 Ioncam agus speansais úis

Aithnítear ioncam agus speansais úis maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ag baint úsáide as an modh Ráta Éifeachtach Úis (“RÉÚ”).

Is ionann modh RÉÚ agus modh le costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus an t-ioncam úis nó an speansas úis a dháileadh thar na tréimhse ábhartha airgeadais. Is ionann RÉÚ agus an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáltais airgid thirim a lascainiú go beacht thar shaolré ionchais na hionstraime airgeadais go suim ghlanluacha ghlan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanas airgeadais. Agus an RÉÚ á ríomh ag an Ghrúpa, déanann sé sreafaí airgid a réamh-mheas, ag cur téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais san áireamh.

Uair amháin atá sócmhainn airgeadais scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas lagaithe, aithnítear ioncam úis ag baint úsáide as an bunráta úis a úsáideadh le sreafaí airgid na todhchaí a lascainiú chun an caillteanas lagaithe a thomhas.

Cuirtear ioncam úis infhaighte ar iasachtaí d’iasachtaithe agus costas úis iníoctha ar iasachtaí ó mhaoinitheoirí i láthair laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid Thirim.

4.6 Ioncam eile

Baineann ioncam ó tháillí go príomha le táillí socruithe agus táillí tiomantais a ghearrtar ar an iasachtaí. Baineann caiteachas táillí le dícheall cuí agus táillí dlí a thabhaítear ar shaoráidí. Cuirtear ioncam ó tháillí agus caiteachas táillí ar athló i dtosach agus ansin scaoiltear chuig an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach iad thar théarma na saoráide ábhartha de réir FRS 102 *Alt 23 Ioncam*.

4.7 Costais inaisíoctha le GBCN

De réir alt 9(2) d’Acht MTTÉ 2018, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do MTTÉ mar aon le foireann a shannadh d’fheidhmeanna an Ghrúpa. Aithnítear costais inaisíoctha le GBCN ar bhonn fabhráithe. Aisghabhann GBCN na speansais seo ón Ghrúpa de réir costais. Tá tuilleadh eolais ar chostais inaisíoctha le GBCN san áireamh i Nóta 8.1.

4.8 Sócmhainní Airgeadais

Airíonn an Grúpa a socmhainní airgeadais de réir aicmithe IAS 39. Cinneann an Grúpa aicmiú a cuid ionstraimí airgeadais ag aithint tosaigh.

Iasachtaí agus infháltais

Is ionann iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó athraithigh nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Tráth an aitheantais tosaigh, tomhaistear na hiasachtaí ag luach cóir móide costais incriminteacha idirbirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint na hiasachta. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh Ráta Éifeachtach Úis arna leagan amach i Nóta 4.5.

Airgead tirim agus choibhéisí airgid thirim

Cuimsíonn airgead tirim airgead tirim ar láimh agus ar éileamh taiscí. Is é atá i gcoibhéisí airgid tirim infheistíochtaí gearrthéarmacha, an-leachtacha atá inchomhshóite go héasca ina méideanna airgid thirim atá ar eolas agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach maidir le hathrú ar luach.

Taispeánann an Ráiteas ar Shreafaí Airgid na hathruithe ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid a thagann chun cinn le linn na bliana airgeadais ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, gníomhaíochtaí infheistíochta agus gníomhaíochtaí maoinithe. Tuairiscítear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin ag baint úsáide as an modh indíreach, trína nochtar aicmí móra d’ollfháltais airgid thirim agus ollíocaíochtaí.

4.9 Dliteanais airgeadais

Déantar dliteanais airgeadais a thomas de réir IAS 39. Is ionann maoiniú agus na hiasachtaí sin arna dtarraingt anuas ag an Ghrúpa ón gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISÉ") agus Danske Bank A/S ("Danske") d'fhonn tacú lena gníomhaíochtaí iasachtaithe ar aghaidh. Aithníonn an Grúpa na hiasachtaí seo ina Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais ar an dáta ar tarraingíodh anuas an iasacht. Tomhaistear na hiasachtaí seo i dtosach de réir luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint an dliteanais airgeadais. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh Ráta Éifeachtach Úis arna leagan amach i Nóta 4.5.

4.10 Dí-aithint sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a scoireann na cearta conartha chun an sreabhadh airgid a fháil ó na sócmhainní seo de bheith ann nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go mór gach riosca agus luach saothair úinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a mhúchtar ar shlí eile iad.

4.11 Bearnú sócmhainní airgeadais

Measann an Grúpa, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

Maidir le hiasachtaí agus nithe infhaighte, tomhaistear an méid cailteanais mar dhifríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid amach anseo, lascainithe ag RÉÚ bunaidh úis na sócmhainne airgeadais. Aithnítear suim an chailteanais bearnaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Déantar measúnú oibiachtúil ar na hiasachtaí do gach iasachtaí a mheastar a bheith suntasach as féin i gcomhair bearnú ag deireadh na tréimhse airgeadais. Glactar cur chuige comh-mheasúnachta, curtha le chéile ar bhonn shaintréithe riosca creidmheasa mar a chéile, do gach iasacht eile gan bearnaithe suntasacha astú féin.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais bearnaithe:

- ▶ deacracht shuntasach airgeadais an iasachtaí;
- ▶ bronnadh deonaíocht ar iasachtaí mar gheall ar fháthanna eacnamaíoch nó dleathach a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach gcuirfí san áireamh seachas sin;
- ▶ sárúithe conarthacha, cosúil le mainneachtain nó le faillí ar ús nó ar phríomhíocaíochtaí; nó
- ▶ comharthaí go rachaidh an t-iasachtaí ar aghaidh isteach i bhféimheacht nó in atheagrú eile airgeadais.

Aithníonn an Grúpa ioncam úis tar éis bearnaithe ag úsáid an trí úsáid a bhaint as an ráta úis a úsáideadh chun sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú d'fhonn an cailteanas bearnaithe a thomhas. Más rud é, i dtréimhse airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn an cailteanas bearnaithe agus go bhféadtar an laghdú a bhaint go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an bearnaithe, aisiompaítear an cailteanas bearnaithe a bhí aitheanta roimhe sin. Aithnítear luach an aisiompaite sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach.

Sa chás nach bhfuil aon dóchúlacht bhreise ann go ngnóthófar luach anonn iasachta, nó cuid d'iasacht, díscríobhann an Grúpa an méid nach bhfuil inghnóthaithe in aghaidh an chailteanais lagaithe bhaintigh (i.e. sa chás seo, níl aon muirear breise sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach). Laghdaíonn aisghabhálacha ina dhiaidh sin de mhéideanna a díscríobhadh méid an mhuirir do bhearnú iasachta sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach.

4.12 Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás gur ag an Ghrúpa, mar gheall ar theagmhas san am atá thart, atá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe is féidir a mheas go hiontaofa agus sa chás gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

Sa chás go bhfuil difear ábhartha i gceist, cinnítear soláthairtí trí na sreafaí airgid ionchasacha amach anseo a lascainiú de réir ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar an amluach airgid agus, nuair is cuí, ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

4.13 Dliteanais theagmhasacha

Is dualgais fhéideartha iad dliteanais theagmhasacha a ndeimhneofar gur ann dóibh trí tharlú teagmhas neamhchinnte amach anseo nó dualgais reatha sa chás nach bhfuil aistriú tairbhe geilleagraí cinnte nó nach féidir meastachán iontaofa a dhéanamh air. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí leis na ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an dóchúlacht go n-aistreofaí an tairbhe gheilleagrach fíorbheag.

4.14 Cánachas

Aithnítear cáin reatha mar an méid cáin ioncain iníoctha i dtaca leis an brábús inchánach don tréimhse tuairiscithe reatha nó romh ré ag úsáid na rátaí agus dlíthe ar achtaíodh nó ar achtaíodh go substainteach ag an dáta tuairiscithe.

Aithnítear foráil do na nithe sin a bhfuil an cinneadh cánach éiginnte ina leith ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí ann d'údarás cánach amach anseo. Tomhaistear na forálacha ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar a bheidh iníoctha.

4.15 Léasú

Gearrtar cíosanna atá faoi léasanna oibríochtúla go dtí an Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach de réir méid cothrom thar téarma an léasa de réir FRS 102 *Alt 20 Léasanna*.

5. Ioncam úis

	2025 €000	2024 €000
Ús ar iasachtaí agus infháltais	27,553	25,225

Baineann ús ar iasachtaí agus infháltais le hioncam úis ó iasachtaí curtha ar fáil d'iasachtaí. Cuireadh modh RÉÚ i bhfeidhm de réir nóta 4.5.

6. Speansas úis

	2025 €000	2024 €000
Ús ar mhaoiniú	17,829	16,114

Baineann ús ar mhaoiniú leis an muirear úis ar shaoráidí maoinithe an CISÉ agus Danske. Cuirtear modh RÉÚ i bhfeidhm de réir nóta 4.5.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Ioncam eile

	Grúpa 2025 €000	Grúpa 2024 €000
Ioncam táillí	6,696	5,106
Caitheachas táille	(1,920)	(1,407)
Ioncam Úis an Bhainc Ceannais	512	600
	5,288	4,299

Baineann ioncam ó tháillí go príomha le táillí socruithe agus táillí tiomantais a ghearrtar ar an iasachtaí agus a aithnítear thar théarma na saoráide ábhartha. Is táillí iad táillí gealltanais a ghearrtar ar an iasachtaí ar shaoráidí áirithe bunaithe ar iarmhéid tiomnaithe ach neamhtharraingthe de na saoráide ceadaithe. Baineann caiteachas táillí le dícheall cuí agus táillí dlí a thabhaítear ar shaoráidí, chomh maith le táillí amúchta i dtaca le maoiniú Dankse. Aithnítear na suimeanna de réir nóta 4.6.

Baineann Ioncam Úis an Bhainc Ceannais le hús a thuilltear ar mhéideanna a choinnítear i gcuntais le Banc Ceannais na hÉireann.

	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Ioncam Úis an Bhainc Ceannais	22	31
	22	31

8. Speansais Oibriúcháin

	Nóta	Grúpa 2025 €000	Grúpa 2024 €000
Costais inaisíochta le GBCN	8.1	8,855	7,702
Seirbhísí riaracháin iasachtaí		657	560
Táillí an Bhoird	9	69	79
Speansais eile		571	556
		10,152	8,897

Is éard atá i speansais eile go príomha táillí gairmiúla, lena n-áirítear comhairle dlí agus airgeadais.

	Nóta	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Táillí an Bhoird	9	69	79
		69	79

8.1 Costais inaisíochta le GBCN (féach nóta 23)

	2025	2024
	€000	€000
Costais foirne GBCN	5,705	4,767
Costais áitíocht	388	359
Seirbhísí gnó	68	59
Táillí gairmiúla	135	165
Teicneolaíocht	325	265
Costais oibriúcháin eile	2,234	2,087
	8,855	7,702

Is éard atá i gcostais oibriúcháin eile den chuid is mó na hathmhuirir fheidhm chorparáideacha le haghaidh seirbhísí a sholáthraíonn GBCN do MTTÉ lena n-áirítear comhlíonadh, soláthar, airgeadas agus teicneolaíocht faisnéise, agus leithdháileadh le haghaidh costais dímhéasa i ndáil le sócmhainní caipitil GBCN a úsáideann MTTÉ.

8.1.1 Costais foirne GBCN

Níl aon fostaí ag an Ghrúpa. Tá gach ball foirne fostaithe ag GBCN agus athghearrann GBCN costais luach saothair na foirne atá gníomhach go lán aimseartha i ngnó an Ghrúpa chuig an Grúpa. Ba 42 (2024: 34) an uimhir fostaí a bhí gníomhach go díreach sa Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

	2025	2024
	€000	€000
<i>Tairbhí comhiomlána fostaithe</i>		
Tairbhí gearrthearma na foirne	4,534	3,782
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	464	396
	4,998	4,178
<i>Tairbhí gearrthearma na foirne</i>		
Bunphá	4,260	3,554
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	191	137
Liúntais	83	91
	4,534	3,782

Is ionann ranníocaíochtaí pinsin iomlána €889,000 (2024: €745,000), ina bhfuil ranníocaíochtaí fostóra €707,000 (2024: €589,000) agus ranníocaíochtaí fostaithe €182,000 (2024: €156,000). Áirítear ranníocaíochtaí pinsin fostaithe laistigh de na suimeanna bunphá a thaispeántar thuas.

Tá tuarastal an POF a leagtar amach i nóta 8.1.3 san áireamh i gcostais foirne an GBCN.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean*)

8.1.2 Príomhphearsanra bainistíochta

	2025 €000	2024 €000
Tuarastal	944	934
Liúntais	31	34
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	74	43
Árachas sláinte	2	2
	1,051	1,013

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta MTTÉ comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann na hardbhainistíochta a thuiriscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach iomlán tairbhí na bhfostaithe leagtha amach thuas (ranníocaíochtaí an fhostóra do chostais árachais shóisialta san áireamh). Níl táillí boird san áireamh sna méideanna sin, a shonraítear astu féin i Nóta 9.

Ní áirítear leis sin luach na dtairbhí scoir tuillte le linn na tréimhse. Tá na príomhphearsanra bainistíochta (an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord as an áireamh) ina mbaill de scéim pinsin GBCN agus ní shíneann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na samhla pinsin seirbhíse poiblí.

8.1.3 Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

	2025 €000	2024 €000
Tuarastal	280	260
Sochair inchánacha	19	19
Ranníocaíochtaí chun scéimeanna scoir	50	47
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	30	–
	379	326

Áirítear na méideanna a íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna costais inaisíochta le GBCN.

9. Táillí boird agus speansais bhoird

Íoctar táille bhliantúil €31,500 leis an cathaoirleach agus le Stiúrthóirí áirithe ag ráta €15,750, arna sonrú ag an Aire Airgeadais. Léirítear thíos an táille íochta le gach Stiúrthóir.

Comhalta Boird	2025 €	2024 €
Marie Collins	31,500	31,500
Claire Solon	15,750	15,750
Grainne Hennessy (<i>d'éirigh as 14 Feabhra 2025</i>)	2,120	15,750
Ronan O'Neill (<i>ceaptha 6 Deireadh Fómhair 2025</i>)	3,938	–
Timothy Ken Slattery	15,750	15,750
	69,058	78,750

Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (comhalta ex officio), Andrew O’Flanagan (GBCN) agus Des Carville (Roinn Airgeadais) aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas ar an mBord.

Is féidir speansais cheadaithe a aisíoc le Stiúrthóirí ar bhonn deimhnithe le taisteal chun freastal ar chruinnithe in oifigí MTTÉ i mBaile Átha Cliath. Níor tabhaíodh aon speansais le linn an bhliain airgeadais (2024: Nialas).

10. Cáin

	Grúpa 2025 €000	Grúpa 2024 €000
Brabús roimh cháin	4,860	4,513
Cáin chorparáide	625	577
	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Cailteanas roimh cháin	(47)	(48)
Cáin chorparáide	-	-

Gearrtar an cháin ar bhrábús ag an gnáthráta cánach chorparáide in Éirinn (12.5%).

	Grúpa 2025 €000	Grúpa 2024 €000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	4,860	4,513
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí @ 12.5%	607	565
Míreanna a choigeartú		
Speansais neamh-asbhainteach – dímheas	18	12
Muirear cánach	625	577
	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Cailteanas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(47)	(48)
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí @ 12.5%	(6)	(6)
Míreanna a choigeartú		
Speansais neamh-asbhainteach – dímheas	6	6
Muirear cánach	-	-

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean*)

In 2025, roghnaigh MTTÉ a chailteanais chánach a ghéilleadh do MTTÉI de bhun fhorálacha an Ghrúpa Faoisimh den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 S420. Ní bhfuarthas aon chomaoín ar an ngéilleadh seo ó MTTÉI.

Rinne MTTÉI réamhíocaíocht de €625k i rith na bliana maidir leis an muirear cánach 2025 (2024: €625k).

	2025	2024
	€	€
Iarmhéid tosaigh glansuíomh cánach corparáide	48	–
Cáin chorparáide don tréimhse	(625)	(577)
Réamhíocaíocht cháin chorparáide	625	625
Iarmhéid deiridh glansuíomh cánach corparáide	48	48

11. Iasachtaí agus infháiltais

	2025	2024
	€000	€000
Neamhreatha		
Iasachtaí d'iasachtaí	276,006	187,187
Reatha		
Iasachtaí d'iasachtaí	121,126	104,124
	397,132	291,311

Bhí iasachtaí i gceist ag an Ghrúpa le 54 iasachtach (2024: 48) dar críoch na bliana. Cuimsíonn téarma na hiasachtaí atá fanta raon ó níos lú ná bliain amháin go cúig bliana.

11.1 Gluaiseacht in Iasachtaí agus Infhaighte a Réiteach i rith na bliana

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	291,311	309,224
Airleacain	544,551	434,805
Aisíocaíochtaí	(461,871)	(473,803)
Ús infhaighte	23,141	21,085
Iarmhéid deiridh	397,132	291,311

Measann an Grúpa, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil na hiasachtaí bearnaithe (Féach Nóta 4.11). Tar éis measúnú bearnaithe ar na hiasachtaí amhail an 31 Nollaig 2025, chinn an Grúpa nach raibh aon fhianaise ar bhearnú ann ag an dáta tuairiscithe.

12. Bainistíocht riosca

Tá sé mar aidhm ag an Ghrúpa a bheith feasach ar riosca agus a rioscaí a bhainistiú go gníomhach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí ríthábhachtacha a rinne an eagraíocht agus í ag brath ar an dea-cháil, leagtar béim láidir ar raon cuí rialuithe.

Tá sé mar aidhm ag an Ghrúpa rioscaí a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a inghlacthacht riosca, ar bhealach a fhágann go bhfuil an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht agus tuigeann an Grúpa agus tá sé in ann tionchar an riosca a bhainistiú agus a iompair má thagann sé i gcrích.

Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Grúpa ina cuid gnó laethúil agus a bhfuil de chumas aige an tionchar ba mhó a bheith ar ráitis airgeadais an Ghrúpa, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh.

Creat um bainistíocht riosca

Tá an Bord freagrach as an inghlacthacht riosca a leagan síos agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca agus í a threorú ar fud an Ghrúpa. Shainordaigh an Bord go gcomhtháthófaí agus go leabófaí bainistíocht riosca i dtionchar agus i gcultúr an Ghrúpa.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca iarracht a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca an Ghrúpa leibhéal neamhspleáchais agus dúshláin atá iomchuí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord go neamhspleách.

Feidhmíonn Beartas agus Creat Bainistíocht Riosca an Ghrúpa de réir na bprionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Braitheann an Ghrúpa ar na seirbhísí a chuireann GBCN ar fáil do ghnéithe áirithe den bhainistíocht riosca, sé sin:

- ▶ seirbhísí leanúnachas gnó;
- ▶ seirbhísí comhlíonta;
- ▶ seirbhísí riosca creidmheasa contrapháirtí chun críocha bainistíocht airgid; agus
- ▶ seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

An chéad líne chosanta:

Tá foireann MTTÉ (seachas an fheidhm chreidmheasa agus riosca) freagrach as bainistíocht laethúil riosca agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe dóthanacha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart. Tuairisceoidh an lucht bainistíochta maidir le bainistíocht riosca chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidtear sa phróiseas um bainistíocht riosca:

- ▶ Na rioscaí ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Ghrúpa/nó a chuirfeadh cosc ar an Ghrúpa na cuspóirí bunaithe ag Bord agus bainistíocht an Ghrúpa a bhaint amach (ag cur aon eachtaí stairiúil/neastimpiste a bhagair baint amach na spriocanna sin san áireamh);
- ▶ I gcomhair gach riosca, tionchar tosaigh agus dóchúlacht a tharlaithe a chinneadh;
- ▶ I gcomhair gach riosca, a chinneadh cibé ar féidir glacadh leis an riosca nó an mbeidh gá é a aistriú, a laghdú nó a sheachaint;
- ▶ I gcomhair gach riosca, d'ainneoin a thionchair nó dhóchúlacht a tharlaithe, gníomhartha chun riosca a laghdú a chur san áireamh;
- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht iarmharach agus féidireacht tarlaimh chomh maith le stádús tar éis cuir i bhfeidhm gníomhairí/srianta/maolaitheoirí; agus
- ▶ Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha maolaithe ar bhonn leanúnach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean*)

An dara líne chosanta:

Tugann feidhm Riosca an Ghrúpa (agus feidhm Comhlíonta GBCN i dtaca le Riosca Comhlíonta) dúshlán agus forbhreathnú neamhspleách chun forfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca an Ghrúpa a chinntiú.

An tríú líne chosanta:

Is í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an tríú líne chosanta agus soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca an Ghrúpa, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

12.1 Riosca creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go dtabhaítear cailteanas airgeadas mar gheall ar éagmais contrpháirtí i mbeart áirithe. Lena phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a shainordú a chomhlíonadh, ní mór don Ghrúpa glacadh le leibhéal áirithe riosca creidmheasa. Mar bhunphrionsabal, féachann an Grúpa le glacadh le seo ar bhealach stuama a ghlacann leis an leibhéal íosta de riosca creidmheasa is gá lena chuspóirí a bhaint amach, atá ar aon dul le Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa. Eascraíonn príomhriosca creidmheasa an Ghrúpa as mainneachtain fhéideartha iasachtaí a oibleagáidí conarthacha i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Mar sin de, déanann an Grúpa a nochtadh do riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Déantar an riosca sin a thomhas, a mheasúnú agus a rialú i leith gach idirbheart nó aon imeacht creidmheasa a thugann an Grúpa faoi.

Déanann an Grúpa iarracht a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a íoslaghdú trí thabhairt faoi phróiseas fairsing díchill chuí roimh aon chinntí iasachtaithe nó rathaíocht a chuir ar fáil. Áirítear i bpróiseas um bainistíocht riosca creidmheasa na Cuideachta na nithe seo a leanas:

Ceadú frithgheallta agus Faireachán Punainne

- ▶ measúnú cuimsitheach ar gach iasachtaí agus forbairt ionchais, a bhainistíocht, chumas oibriúcháin, thaithe forbartha, fheidhmíocht airgeadais agus chuma aisíocaíochta. Áirítear leis an measúnú sin tosca amhail boilsciú costas tógála, briseadh sa slabhra soláthair agus luachanna díolacháin;
- ▶ cuairteanna ar an suíomh agus cruinnithe duine le duine le bainistíocht;
- ▶ measúnú ar fheidhmíocht airgeadais an iasachtaí ionchais trí thagairt don fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear cuntais airgeadais, cuntais bhainistíochta agus meastacháin airgeadais;
- ▶ anailís ar chumas aisíocaíochta iasachtaí, lena n-áirítear léiriú soiléir agus réasúnach ar chumas iasachtóra ar aghaidh a dhualgais a shásamh agus fiacha an Ghrúpa a íoc ina n-iomláine;
- ▶ athbhreithniú riosca neamhspleách agus ainm a chur Ceann Creidmheasa agus Riosca an Ghrúpa (nó toiscaire ceaptha) le gach beart féideartha;
- ▶ teacht ar shlándáil imleor do gach beart;
- ▶ gach cinneadh creidmheasa forchoimeáda do Bhord MTTÉI, Coiste Creidmheasa MTTÉI nó Coiste Creidmheasa Foireann Bainistíocht Feidhmiúcháin ag brath ar méid na saoráide nó saintréithe riosca an idirbhirt;
- ▶ córas rátála creidmheasa inmheánach agus athbhreithniú leanúnach ar shaoráidí creidmheasa a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar athbhreithnithe suirbhéirí ar gach forbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na tógála agus ar an gcostas in aghaidh an bhuiséid; agus
- ▶ athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanais gabháiltais faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag an Ghrúpa.

Cuirtear an uas-neamhchosaint sin ar riosca creidmheasa i láthair trí aicme na hionstraime airgeadais thíos. Tá fiúntas chreidmheasa iasachtaí agus infháltais an Ghrúpa neamhrátaithe. Tá airgead agus cóibhéisí airgid i seilbh Banc Ceannais na hÉireann (ráta Standard & Poor's: AA) (2024: AA) agus Banc-Aontas Éireann (ráta Standard & Poor's: A+) (2024: A).

	2025 €000	2024 €000
Airgead agus coibhéisí airgid	44,262	46,204
Iasachtaí agus infháltais	397,132	291,311
	441,394	337,515
Tiomantais neamhtharraingthe do iasachtaithe ag 31 Nollaig	689,000	645,000
Riosca creidmheasa iomlán	1,130,394	982,515

12.2 Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a bhaineann le neamhábaltacht an Ghrúpa gach ceann dá hoibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh nuair atá siad dlite. Is é sin an riosca cailteanais a eascraíonn as bás nach mbeidh dóthain airgid ann chun oibríochtaí laethúla a mhaoiniú.

Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa:

- ▶ Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa:
- ▶ Bainistíocht maoinithe laethúil, lena n-áirítear monatóireacht ar shreafaí ionchais airgid amach anseo, mar shampla ceangaltais iasachta amach anseo, chun a chinntiú go bhféadtar riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite (féach Nóta 16 le haghaidh mionsonraí maidir leis na saoráidí chreidmheasa imrothlach);
- ▶ Bainistíocht sócmhainní agus dliteanas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar acmhainní leordhóthanacha airgid ar fáil nó go mbunaítear maoiniú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh mí-oiriúnuithe, rud a íoslaghdóidh tionchar an eis-sreafa leachtachta;
- ▶ A riosca leachtachta a bhainistiú trí phróifíl aibíochta a sócmhainní agus dliteanais a ailíniú, a mhéad agus is indéanta, chun riosca athmhaoinithe a dhíbirt a mhéad agus is féidir. Faigheann an Grúpa maoiniú factearma óna maoinitheoir, agus nuair is féidir cuireann sí struchtúir ar éirim agus ar sceideal aisíocaíochta a hiasachtaí chun an phróifíl aibíochta mhaoinithe sin a léiriú; agus
- ▶ Maolán leachtachta airgid a chothabháil le dul i ngleic le haon riachtanais leachtachta ghearthearma a thiocthadh chun cinn.

Tá achoimre i Nóta 17 ar thréimhsí na méideanna conarthachta atá tiomnaithe ag an Ghrúpa le haisíoc ar iasachtaí a fuarthas. Cuirtear na méideanna i láthair anseo gan lascaine.

12.3 Riosca margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraime airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Cuimsíonn riosca margaidh MTTÉ riosca ráta úis. Eascraíonn rioscaí margaidh ó shuíomhanna oscailte i dtáirgí ráta úis nó airgeadra, atá neamhchosanta ar ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus ar athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí úis.

Riosca ráta úis

Tá neamhchosaint theoranta ag Glanioncam Úis an Ghrúpa ar luaineachtaí rátaí úis toisc go bhfuil a infháltais iasachta agus a mhaoiniú araon faoi réir rátaí athraitheacha (bunráta Euribor). Déanann an Grúpa riosca ráta úis a aithint, a mhonatóiriú agus a bhainistiú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Leagtar amach thíos na suimeanna ghlanluachaataá neamhchosanta ar riosca ráta úis amhail an 31 Nollaig:

	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní airgeadais – ráta athraitheach		
Airgead agus coibhéisí airgid	44,262	46,204
Iasachtaí agus infháltais	397,132	291,311
	441,394	337,515
Dlíteanais airgeadais – ráta comhlúthach		
Maoiniú	403,823	305,269

Iompraítear gach tráinse laistigh de shaoráidí mhaoinithe CISE agus Dankse ag ráta comhlúthach úis an 31 Nollaig 2025.

Íogaireacht riosca ráta úis

Ní gá go léiríonn eolas a sholáthraítear san anailís íogaireachta thíos an t-athrú iarbhír ar luach cóir a thabhdh an Grúpa faoi ghnáthchoinníollacha margaidh mar, de bharr teorainneacha praiticiúla, coimeádtar gach athróg, seachas an toisc shonrach riosca margaidh, seasmhach.

Taispeánann an tábla thíos íogaireacht an Ghrúpa do ghluaiseacht bonnphointe (“bp”) láithreach +/- 100 i rátaí úis, i dtéarmaí an tionchair ar ghlanioncam úis, ar bhonn dhá mhí dhéag réamhbhreathnaitheach, ag glacadh leis nach bhfuil aon athrú ar an gclár comhardaithe.

Anailís Íogaireachta Ráta Úis – gluaiseacht 100bp

	+100bp €000	-100bp €000
Ús Ioncaim Ghlan	67	(67)

Tá tionchar na gluaiseachta i rátaí úis ar ghlanioncam úis teoranta don difríocht idir iasachtaí agus infháltais ahus maoiniú ag deireadh bliana, léirítear tionchar den sórt sin thuas. Meastar go bhfuil difríochtaí i dtréimhsí Euribor agus uainiú athshocruithe rátaí neamhábhartha chun críche na hanailíse seo.

Riosca airgeadra

Níl an Ghrúpa neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra, mar go ndéantar a gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachta ar fad in euro.

12.4 Bainistíocht caipitil

Tá an Grúpa tiomanta dá chinntiú go leanann sé de chaipiteal leordhóthanach a shealbhú (arb é atá ann scairchaipiteal agus tuilleamh coinnithe) toisc go bhfuil an baol ann go bhféadfadh sé a bheith in ann aon chaillteanas chreidmheasa fhéideartha a ionsú mura gcoimeádtar caipiteal leordhóthanach. Is é €20m scairchaipiteal íoctha reatha na cuideachta sealbhaíochta, a chuir a scairshealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, ar fáil. Déantar athbhreithniú ar struchtúr caipitil an Ghrúpa gach bliain agus tá cinntí maidir le dáileadh díbhinní faoi réir cothabháil chaipitil a bhreithniú de réir Bheartas Caipitil agus Díbhinne an Ghrúpa. De bhun a bheartais leithdháilte caipitil, d'fhaomh an Bord leithdháileadh €2.5m (2024: €2.15m) breise dá Thuilleamh Coinnithe Grúpa amhail an 31 Nollaig 2025 mar thuilleamh neamh-indáilte.

Níl an Grúpa faoi réir ceanglas caipitil a fhorchuirtear go seachtrach.

12.5 Riosca comhchruinnithe

Is é is riosca comhchruinnithe ann an riosca go nochtfaí an Grúpa le haon neamhchosaint nó grúpa neamhchosaintí a bhfuil sé de chumas acu bheith ina gcúis le caillteanas sách mór chun cumas an Ghrúpa le leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a bhagairt.

Bainistíonn an Grúpa an riosca sin trí chloí leis na teorainneacha arna leagan amach sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca a d'fhaomh an Bord MTTÉ agus atá faoi réir athbhreithniú rialta an Bhoird. Sainmhínítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca na huasmhéideanna áiseanna creidmheasa a thiomáinfear do iasachtóirí. Tá sé i gceist go gcinnteofaí na bearta seo go nach bhfuil punann fhoriomlán na próifíle riosca an iomarca neamhchosanta ar aon chomhchruinniú riosca inti.

Tá chomhchruinniú tíreolaíoch shócmhainní riosca an Ghrúpa in Éirinn amháin, agus baineann chomhchruinniú earnála an riosca aonar le forbairtí cónaithe, a eascraíonn as a sainordú reachtúil chun maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairtí cónaithe sa Stáit, mar a leagtar amach in Acht MTTÉ 2018.

13. Luach cóir sócmhainní agus dliteanas airgeadais

13.1 Luach iompair i gcomparáid le luach cóir

Déantar achoimre sa tábla thíos ar shuimeanna glanluacha agus ar luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair ar Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais ag a luach cóir. Ní mheastar aon cheann do na sócmhainní agus dliteanas i Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais ag luach cóir.

Tomhaistear luachanna cóir na n-ionstraimí airgeadais de réir an ordlathais luacha chóir seo a leanas:

Leibhéal 1 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le praghsanna luaite margaidh (neamhchoigeartaithe);

Leibhéal 2 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh inbhraite; agus

Leibhéal 3 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh dobhraite.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean*)

Grúpa 2025	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Sócmhainní Airgeadais					
Airgead agus coibhéisí airgid	44,262	44,262	–	–	44,262
Iasachtaí agus infháltais	397,132	–	–	397,132	397,132

Dlíteanais Airgeadais					
Maoiniú	403,823	–	–	403,823	403,823
Dlíteanais eile	1,815	–	–	1,815	1,815

Grúpa 2024	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Sócmhainní Airgeadais					
Airgead agus coibhéisí airgid	46,204	46,204	–	–	46,204
Iasachtaí agus infháltais	291,311	–	–	291,311	291,311

Dlíteanais Airgeadais					
Maoiniú	305,269	–	–	305,269	305,269
Dlíteanais eile	1,590	–	–	1,590	1,590

Cuideachta 2025	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Sócmhainní Airgeadais					
Airgead agus coibhéisí airgid	917	917	–	–	917

Dlíteanais Airgeadais					
Dlíteanais eile	509	–	–	509	509

Cuideachta 2024	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
Sócmhainní Airgeadais					
Airgead agus coibhéisí airgid	895	895	–	–	895

Dlíteanais Airgeadais					
Dlíteanais eile	440	–	–	440	440

13.2 Prionsabail tomhais an luacha chóir

Airgead agus coibhéisí airgid

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair mar go bhfuil na ionstraimí seo iníoctha ar éileamh agus go bhfuil siad gearrthéarmach.

Iasachtaí agus infháltais agus maoiniú agus iasachtaí

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair de bharr chuspóir/chineál sainmhínithe na n-áiseanna seo.

14. Infháltais eile

	2025 €000	2024 €000
Neamhreatha:		
Caiteachas iarchurtha	464	429
Infháltais eile	18	23
	482	452
Reatha:		
Caiteachas iarchurtha	1,246	842
Réamhíocaíocht cánach corparáide	673	625
Infháltais eile	135	187
	2,054	1,654

Baineann caiteachas iarchurtha le caiteachas seachtrach tabhaithe agus íoctha ag tabhairt faoi athbhreithniúcháin dícheall cuí agus ag tabhairt comhaontuithe dlí ar shaoráidí chun críche a aithnítear thar tréimhse na saoráide cuí. Áirítear i gcaiteachas iarchurtha freisin táillí a thabhaítear i ndáil le maoiniú Danske atá á amúchadh thar théarma tosaigh na saoráide. Is táillí tiomantais ó iasachtaithe a chuimsíonn infháltais eile, agus ús tuillte ar thaiscí baincáirithe eile.

15. Dliteanais eile

	Grúpa 2025 €000	Grúpa 2024 €000
Reatha		
Méideanna atá dlite do GBCN (féach nóta 23)	1,384	1,195
Ioncam – Cáin Chorparáide	625	577
Ioncam iarchurtha	4,107	2,937
Speansais fabhraithe	404	328
Inlocaíochtaí trádála	27	67
	6,547	5,104
Neamhreatha		
Ioncam iarchurtha	2,284	2,207

Baineann ioncam iarchurtha leis na táillí socrúcháin saoráide, táillí gealltanais agus táillí díchill chuí eile a gnóthaíodh ó iasachtaithe. Aithnítear gach táille socrúithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach thar théarma na saoráide ábhartha.

	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Reatha		
Dliteanais eile	509	440

Baineann dliteanais eile le táillí boird iníochta le MTTÉI (féach Nóta 9).

16. Maoiniú

	2025 €000	2024 €000
Reatha:		
Ús fabhraithe	664	–
Neamhreatha:		
Iasachtaí maoinithe	403,159	305,269
	403,823	305,269

Bhí iasachtaí €303m gan íoc ag an nGrúpa ón CISE amhail an 31 Nollaig 2025 faoi shaoráid chreidmheasa imrothlach 10 mbliana le dáta aibíochta an 24 Bealtaine 2033. Tá an áis neamhurráithe. Níl aon aisíocaíochtaí sceidealaithe faoin tsaoráid roimh an dáta aibíochta, áfach, cuireann an Grúpa gach aisíocaíocht ó iasachtaithe i bhfeidhm i gcoinne a iasachtaí maoinithe, trí aisíocaíochtaí athchúrsála chun iasachtaí nua a mhaoiniú nó iasachtaí maoinithe CISE a aisíoc nuair nach féidir aisíocaíochtaí ó iasachtaithe a athchúrsáil go héifeachtach. Ag deireadh na tréimhse bhí €427m ag an nGrúpa in áiseanna maoinithe neamhtharraingthe leis an CISE. Faoi théarmaí na saoráide, déantar ús a chaipitliú.

Ar an 30 Deireadh Fómhair 2025, chomhaontaigh an Grúpa Saoráid Creidmheasa Imrothlach nua €200m le Danske, le tiomantas tosaigh €100m móide cairdín €100m. Dhá bhliain an téarma tosaigh, agus is é 29 Deireadh Fómhair 2027 an dáta aibíochta, agus dhá rogha sínidh bliana ar fáil. Tá an áis neamhurráithe. Bhí iasachtaí €100m gan íoc ag an nGrúpa ó Danske amhail an 31 Nollaig 2025; bhí an cairdín gan tarraingt agus gan gealltanais. Tá táille úis agus gealltanais, i gcás inarb ábhartha, iníochta gach ráithe.

Chuir MTTÉ ráthaíocht ar fáil mar thacaíocht do shaoráidí iasachta MTTÉI leis an CISE agus Danske.

16.1 Gluaiseachtaí sa Mhaoiniú a réiteach i rith na bliana

	2025 €000	2024 €000
Iarmhéid tosaigh	305,269	325,148
Íostarraingtí	387,500	257,410
Aisíocaíochtaí	(305,750)	(292,823)
Ús Iníochta	16,804	15,534
Iarmhéid deiridh	403,823	305,269

17. Anailís aibíochta ar shócmhainní agus ar dhliteanais

Léirítear sa tábla thíos miondealú na sócmhainní agus na ndlíteanas sin ina bhfuil gné neamhreatha. Tá an anailís sócmhainní bunaithe ar an uair a bhíonn an bhainistíocht ag súil le hairgead tirim a fháil don tsócmhainn. Déantar anailís ar dhliteanais idir dliteanais reatha agus dliteanais neamhreatha ag brath ar cibé an bhfuil ceart neamhchoinníollach ag an nGrúpa ar dháta an chláir chomhardaithe chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta sin.

	Faoi aon bhliain amháin €000	1-5 bliana €000	Thar 5 bliana €000	Iomlán €000
2025				
Iasachtaí agus infháltais	121,126	276,006	–	397,132
2025				
Maoiniú	664	100,000	303,159	403,823

18. Luach saothair iniúchára

	2025 €000	2024 €000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais	42	40

Níl aon seirbhísí neamhiniúchta san áireamh thuas.

19. Gnáthscair

Tá úinéireacht tairbhiúil deiridh an Ghrúpa i seilbh an tAire Airgeadais tríd 20,000,000 scair ainmniúil de €1.00 an ceann sa cuideachta sealbhaíochta, MTTÉ.

De réir alt 10(4) Acht MTTÉ 2018, féadfar scairchaipiteal údaraithe an Ghrúpa a mhéadú chuig méid eile de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham.

20. Gealltanais léasa

I mí Eanáir 2019 rinne MTTÉ comhaontú maidir le cóiríocht oifige ag 1 Duga an Státhiste, Cé an Bhalála Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Ritheann téarma an léasa ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 24 Bealtaine 2033. Ní fhéadfaidh MTTÉ téarma an léasa a bhriseadh ach de bhun Treorach Aireachta go scoirfidh MTTÉ d'oibríochtaí agus faoi réir tréimhse fógra dhá mhí dhéag ar a laghad a sholáthar don léasóir chun an briseadh seo a fheidhmiú. Tabhaíodh caiteachas léasa €0.26m in 2025 (2024: €0.26m). Is iad seo a leanas na híoschíosanna ainmniúla (neamh-inchealaithe) amach anseo a bheidh iníoctha go 24 Bealtaine 2033:

	2025 €000	2024 €000
Laistigh de bhliain amháin	263	263
I dhá go cúig bliana	1,054	1,054
Thar cúig bliana	633	896
	1,950	2,213

21. Dlíteanais theagmhasacha

Níl aon dlíteanas teagmhasach ag an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe atá ag teastáil nochtadh sna ráitis airgeadais.

22. Infheistíocht i bhfochuideachta

Tá fochuideachta na Cuideachta, MTTÉI, corparithe agus ag oibriú in Éirinn ag 31 Nollaig 2025, le oifigí cláraithe ag Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

	I Seilbh Coibhneas	Scairchaipiteal Eisithe	Gníomhaíocht
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA	100%	1 Gnáthscair de €1	Iaschtú

Is fochuideachta 100% den MTTÉ é MTTÉI tríd 1 gnáthscair (luach ainmniúil €1) eisithe. Is 200,000,000 gnáthscair de €1.00 an scairchaipiteal údaraithe.

Rinne MTTÉ ranníochaíocht chaipitil tosaigh de €15m chun MTTÉI i 2019. Rinneadh ranníochaíocht chaipitil bhreise €4m in 2022 ar na téarmaí céanna. Tá an ranníochaíocht chaipitil de €15m neamh-in-aisíochta agus ní thugann sé aon cearta do MTTÉ do scaireanna i gcaipiteal nó socmhainní MTTÉI.

	Cuideachta 2025 €000	Cuideachta 2024 €000
Infheistíocht i bhfochuideachta	19,000	19,000

23. Nochtadh páirtithe gaolmhara

23.1 Páirtithe gaolmhara

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA

Is fochuideachta 100% de Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann CGA í Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA.

An tAire Airgeadais

Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe MTTÉ. D'fhéadfaí an tAire Airgeadais an scairchaipiteal údaraithe a shocrú é de réir ordú ó am go ham de bhun alt 10(4) d'Acht MTTÉ 2018.

GBCN

Tugann GBCN seirbhísí foirne agus tacaíochta gnó don Ghrúpa. Gearrtar na táillí a thabhaíonn GBCN ar an Ghrúpa, de réir théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse idir MTTÉ agus GBCN.

Aonáin eile faoi rialú an Rialtais

Is páirtí gaolmhar den Ghrúpa é Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann de réir FRS 102 Alt 33 toisc go bhfuil an Ciste faoi rialú an Aire Airgeadais. Rangáíodh Bainc-Aontas Éireann cpt ("AIB") roimhe seo mar pháirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa; tháinig deireadh leis sin i mí Iúil 2025, áfach, tar éis don Stát a scairseilbh atá fágtha in AIB a dhiúscairt.

Príomhphearsanra bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta i MTTÉ comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí ag tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

23.2 Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas na idirbhearta a tharla idir le páirtithe gaolmhara le linn na tréimhse airgeadais:

Athmhúirear GBCN

Tabhaíonn GBCN costais as reáchtáil an Grúpa, costais a athghearrann siad ar an Ghrúpa. B'ionann iomlán na gcostas sin don bhliain airgeadais agus €8.9m (2024: €7.7m). Nochtar i Nóta 8 tuilleadh sonraí ar na costais sin. Tá €1.4m (2024: €1.2m) iníoctha le GBCN ag deireadh na tréimhse airgeadais. Ina theannta sin, is é GBCN an tiarna talún le haghaidh na n-íocaíochtaí léasa atá leagtha amach i Nóta 20.

Saoráid Iasachta an CISE

Chuir an CISE saoráid iasachta de €730m ar fáil don Ghrúpa, faoi threoir an Aire Airgeadais. Feidhmíonn iasacht ISIF mar shaoráid iasachta imrothlach le dáta aibíochta saoráide an 24 Bealtaine 2033. Le linn na tréimhse airgeadais, tharla na hidirbhearta seo a leanas leis an CISE: tarraingt anuas €288m, aisiocaíochtaí €306m agus €17m de chostas úis.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar luach saothair a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta (gan baill an bhoird san áireamh) i Nóta 8. Nochtar na táillí a íoctar le baill an bhoird i Nóta 9.

24. Nochtadh leasa

Tá riachtanais maidir le nochtadh leasa ar Stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Airteagail Chomhlachais na Cuideachta agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag MTTÉ chun cuidiú le Stiúrthóirí agus le comhaltaí foirne a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh i rith na tréimhse arna hathbheithniú.

25. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

I mí Feabhra 2026, rinne MTTÉ an cairdín €100m ó Danske Bank A/S a ghníomhú ag méadú iomlán línte maoinithe tiomanta go €930m.

26. Ceadú na ráiteas airgeadais

D'fhorhmheas na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 9 Aibreán 2026.

HBFI

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann
Home Building Finance Ireland

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann
1 Duga na Stáitchiste, Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8, Éire

T 353 1 238 4000
R info@hbfi.ie
G www.hbfi.ie

